Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Leasuithe Ábhartha atá Molta don Dréachtphlean Leitir Ceanainn agus Plean Iompair Áitiúil 2023-2029

## Lúnasa 2023

# CLÁR ÁBHAIR

## Clár Ábhair


**1 RÉAMHRÁ ..... 1**

1.1 CÚLRA AGUS TRÉIMHSE CHOMHAIRLIÚCHÁIN ..... 1

1.2 MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA, MEASÚNACHT CHUÍ AGUS MEASÚNACHT STRAITÉISEACH AR PHRIACAIL TUILE ..... 1

1.3 NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ..... 2

**2 SCEIDEAL NA LEASUITHE ÁBHARTHA MOLTA ..... 3**

**AGUISÍNÍ ..... 48**

AGUISÍN A – PRIONSABAIL ABTA ..... 49

AGUISÍN B – 2. LÉARSCÁILEANNA NUA LÍONRAÍ SIÚIL AGUS ROTHAÍOCHTA ..... 51

AGUISÍN C – IOMPAR POIBLÍ ..... 72

AGUISÍN D – SCÉIMEANNA TAISTEAL GHNÍOMHAIGH AGUS NAISC LÁR AN BHAILE ..... 74

AGUISÍN E: BEARTA IDIRGHABHÁLA ..... 77

AGUISÍN F – NAISC LE LÁR AN BHAILE ..... 79

AGUISÍN G – BEARTAS BEARTAITHE AN N56 ..... 82

AGUISÍN H ..... 83

# 1 Réamhrá

## 1.1 Cúlra agus Tréimhse Chomhairliúcháin

Foilsíodh Dréachtphlean Leitir Ceanainn agus Plean Iompair Áitiúil 2023-2029 mar aon le Tuarascálacha Timpeallachta, le haghaidh tréimhse chomhairliúcháin ó 6 Eanáir go dtí 17 Feabhra 2023, agus tugadh cuireadh don phboal aighneachtaí agus barúlacha scríofa a chur isteach ina leith. Fuarthas 61 aighneacht san iomlán agus ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir leis na haighneachtaí i mí Mhárta 2023. Ansin cuireadh faoi bhráid Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae Dhún na nGall í.

De réir ailt 20(3)(d) den Acht um Pleanáil agus Fhorbairt 2000 (Leasú), rinne comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall scrúdú ar an Dréachtphlean agus ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh (mar aon le doiciméid ábhartha eile) ag a lánchruinniú ar 10 Bealtaine agus 19 Meitheamh 2023 agus bheartaíodar an Dréachtplean a leasú. Áirítear sna leasuithe 62 Athrú Ábhartha san iomlán agus tá liosta díobh seo le fáil i gcuid a dó den doiciméad seo. Tá na hAthruithe Ábhartha Molta le fáil anois mar chuid den chomhairliúchán poiblí idir 11 Lúnasa agus 8 Meán Fómhair 2023, (an dá dháta sin san áireamh).

Tugtar cuireadh do dhaoine, aighneachtaí agus barúlacha maidir leis na hAthruithe Ábhartha Molta mar aon leis na tuarascálacha timpeallachta bainteacha, a dhéanamh le linn an ama seo. Tabhair do d'aire nach féidir nithe eile a mheas nach mbaineann leis na hAthruithe Ábhartha Molta.

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh –

- I scríbhinn chuig an Údaras Pleanála ag: An tAonad Pleanála Lárnaigh, Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear, F93 Y622
- Trí thairseach comhairliúcháin na Comhairle ar líne ag **consult.donegal.ie** ; nó
- I ríomhphost chuig **letterkennyplan@donegalcoco.ie** (cuir isteach **Plean Leitir Ceannain** i líne an ábhair, le do thoil). Ní mór ainm agus seoladh iomlán an duine atá ag déanamh na haighneachta a chur san áireamh.

## 1.2 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile

De bhun ailt 20(3)(f) den Acht um Pleanáil agus Fhorbairt 2000 (Leasú), tá sé deimhnithe ag an Údarás Pleanála go bhfuil gá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) a dhéanamh maidir le roinnt Athruithe Ábhartha Molta faoi leith. Is féidir an Cinneadh maidir le SEA a fheiceáil ar láithreán gréasáin na Comhairle. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, rinneadh athbhreithnithe ar an Tuarascáil Timpeallachta (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) agus gabhann an tuarascáil athbhreithnithe leis an doiciméad seo. Féadfar aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh i ndáil leis an Tuarascáil sin freisin.

Chinn an tÚdarás Pleanála thairis sin, de bhun cleachtadh scagthástála um Measúnacht Chuí, nach n-athróidh na hAthruithe Ábhartha Beartaithe conclúid Thuarascáil Tionchair Natura (NIR) a cuireadh i gcrích chun bonn eolais a chur faoi ullmhú Dhréachtphlean Leitir Ceanainn agus an Phlean Iompair Áitiúil, agus ar an gcaoi sin gur féidir na hAthruithe Ábhartha Beartaithe a 'scagadh amach' i dtéarmaí riachtanas maidir le Measúnacht Chuí. Foilseofar an Cinneadh maidir le AA ar an láithreán gréasáin tar éis don phróiseas déanta pleananna a bheith tugtha chun críche.

Ar deireadh, tá Measúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile athbhreithnithe ullmhaithe ag an Údarás freisin a d'eascair as na hAthruithe Ábhartha Beartaithe agus gabhann an tuarascáil athbhreithnithe leis an doiciméad seo. Féadfar aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh i ndáil leis an Tuarascáil sin freisin.

## 1.3 Na Chéad Chéimeanna Eile

Nuair a bheidh deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin, ullmhófar Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh de réir ailt 20(3)(k) den Acht um Pleanáil agus Fhorbairt 2000 (Leasú), chun freagairt an Phríomhfheidhmeannaigh a thabhairt ar na saincheisteanna a luaitear sna haighneachtaí. Breithneoidh na Baill an tuarascáil agus féadfaidh siad, trí rún, cinneadh a dhéanamh gan an plean a dhéanamh, nó an plean a dhéanamh leis na hAthruithe Ábhartha Beartaithe nó dá n-éagmais nó faoi réir mionathraithe agus nach dóigh dá bhrí sin go mbeidh éifeachtaí suntasacha aige ar an timpeallacht nó nach mbeidh drochthionchar aige ar shláine láithreáin Eorpaigh.

# 2 Sceideal na Leasuithe Ábhartha Molta

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| **Cuid A: Polasaithe Pleanála maidir le hÚsáid Talún** | | | |
| MA1 | Caibidil 10 – Tithíocht,<br>Ailt 10.2.1, 10.2.2 agus 10.2.3 | **Athbhreithniú ar an bplean maidir le réamh-mheastacháin daonra/spriocanna soláthair tithíochta/talamh zónáilte a sholáthar, mar seo a leanas -**<br>Dath gorm ar théacs nua, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~:<br><br>**10.2 Soláthar Foriomlán agus Soláthar Breise**<br><br>10.2.1 Soláthar Foriomlán<br><br>Tá spriocanna tithíochta agus daonra sa Phlean Leitir Ceannain bunaithe ar ~~Chroístraitéis Phlean Forbartha an Chontae 2018-2024 (féach tábla 10.1 thíos)~~ réamh-mheastacháin sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sa Straitéis Eacnamaíoch agus Spáis Réigiúnach (SESR) de chuid Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (TRTI). ~~Mar a sonraíodh i Roinn 1.1, ullmhaíodh Plean Leitir Ceanainn bunaithe ar thréimhse 10 mbliana, chun ailíniú leis an tréimhse a chlúdaítear in 'Réamh-mheastacháin Daonra Idirthréimhseacha Réigiúnacha agus Contae go dtí 2031' atá le fáil in 'Treochlár Cur Chun Feidhme don Chreat Náisiúnta Pleanála'. Ceadaíonn an tréimhse go dtí 2031 dearcadh níos iomlánaíche maidir le forbairt an Láir Réigiúnaigh agus breithnítear an poitéinseal a bhaineann le hamanna treorach níos faide chun láithreáin áirithe a fhorbairt mar gheall ar riachtanais seirbhísithe, go háirithe an Láithreán Suntasach Straitéiseach agus Inbhuanaithe Forbartha ag an taobh ó dheas de lár an bhaile.~~ Tugtar faoi deara go ndéanann an fís SESR do Leitir Ceanainn tagairt do 4000 teach breise a sholáthar i Leitir Ceanainn idir 2020-2040 (is ionann seo agus 200 teach in aghaidh na bliana). Ag an am céanna, de réir RPO 3.7.23, soláthrófar 3,000-4,000 aonad breise laistigh de Leitir Ceanainn chun | No |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | fás i Leitir Ceanainn a éascú go dtí go mbeidh 27,300 áitritheoir ann, ar ag laghad, faoi 2040.<br><br>Mar atá leagtha amach sa SESR (féach tábla 10.1 thíos), sa réamh-mheastachán daonra do Leitir Ceanainn, déantar foráil go mbeidh fás 440 duine in aghaidh na bliana i Leitir Ceanainn idir 2016 agus 2031. Má dhéantar talamh slán de go mbeidh ráta áitíochta de c. 2.6 duine in aghaidh an aonaid chónaithe (de réir torthaí an Daonáirimh 2022), ciallaíonn sé seo go mbeadh gá le 169 aonad cónaithe in aghaidh na bliana i Leitir Ceanainn (chun riachtanais tithíochta a ríomh don PÁC, meastar go bhfuil sé réasúnta meastachán ginearálta de 200 aonad in aghaidh na bliana a úsáid, nó 1200 thar tréimhse 6 bliana an PÁC).<br><br>Tábla 10.1 Fás daonra réamh-mheasta i Leitir Ceanainn (foinse: NWRA RSES)<br><br>**Leitir Ceanainn 2016** / **Ardú Leitir Ceanainn 2026** / **Ardú Leitir Ceanainn 2031** / **Leitir Ceanainn 2040**<br>Daonra: 19300 / 4400 / 2200 / Daonra: 27300<br><br>Ní mór a thabhairt faoi deara go dtosaíonn na réamh-mheastacháin SESR ón mbliain 2016. Mar sin, táthar ag súil le fás sa daonra de 440 duine gach bliain go dtí 2031 (nó circa 200 aonad cónaithe nua-thógtha in aghaidh na bliana sa bhaile). Ach má fhéachamar ar líon na dtithe a críochnaíodh laistigh de theorann Leitir Ceanainn ó 2015 (féach Tábla 10.2), feicimid nár tógadh ach 373 sa tréimhse 7 mbliana 2016-2022, seachas an ~1400 a tuaradh; easnamh thart ar 1000 aonad.<br><br>Chun freastail ar na spriocanna fáis a shamhlaítear don Lárionad Réigiúnach, is léir go gcaithfear foráil a dhéanamh sa Phlean Leitir Ceanainn do ~200 aonad cónaithe in aghaidh na bliana mar atá tuartha ag an SESR, ach ní mór cúiteamh a dhéanamh maidir leis na heasnaimh shuntasacha atá ann sa tógáil tithíochta. Mar sin, ní mór pleanáil go dtógfar 2200 aonad cónaithe ar a laghad thar tréimhse 6 bliana an Phlean Leitir Ceanainn (NB – ón gCroístraitéis sa Phlean Forbartha Contae 2024-2030, a bhaineann úsáid as réamh-mheastacháin daonra atá leagtha amach sa CND, agus an modheolaíocht sa 'Modheolaíocht chun Spriocanna | |

<table>
<tr><th>Tag.</th><th>Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil</th><th>Leasú Ábhartha Molta</th><th>Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl)</th></tr>
<tr><td></td><td></td><td>
Soláthar Tithíochta a bhaint amach don Phleanáil' Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála, meastar go bhfuil gá le thart ar 2300 aonad cónaithe i Leitir Ceanainn thar tréimhse 6 bliana. Cuirtear san áireamh go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh Plean Leitir Ceanainn ag teacht le Plean an Chontae, agus mar sin úsáidtear an figiúir 2300 aonad as seo amach chun an méid talún is gá don tithíocht a ríomh).
Tábla 10.2 Tithíocht a críochnaíodh i Leitir Ceannain, 2016-2022
<table>
<tr><th>Bliain</th><th>Tithíocht a Críochnaíodh</th></tr>
<tr><td>2016</td><td>27</td></tr>
<tr><td>2017</td><td>32</td></tr>
<tr><td>2018</td><td>52</td></tr>
<tr><td>2019</td><td>76</td></tr>
<tr><td>2020</td><td>102</td></tr>
<tr><td>2021</td><td>46</td></tr>
<tr><td>2022</td><td>38</td></tr>
<tr><td>Iomlán:</td><td>373</td></tr>
</table>
Leagtar síos in RPO 3.7.27 den SESR gur chóir go mbeadh dlús tithíochta 35 aonad in aghaidh an heicteáir i bhfeidhm do Leitir Ceanainn, seachas i gceantair ard-dlúis inar chóir go mbeidh 50 aonad in aghaidh an heicteáir ar a laghad mar sprioc. Má mheastar go dtógfar thart ar 300 aonad i lár an bhaile thar saolré an phlean, ciallaíonn sé sin go dtuigtear ó na caighdeáin dlúis atá sa RES go bhfuil gá le thart ar 57 heicteár de thalamh cónaithe lasmuigh de lár an bhaile (i.e. ó 2000 aonad beidh dlús 35 aonad in aghaidh an heicteáir agus 300 aonad breise laistigh de lár an bhaile). Ní mór an bunriachtanas seo a fhorlíonadh trí thalamh breise do thithíocht a sholáthar agus tá tuilleadh sonraí faoi seo in alt 10.2.2 thíos.
</td><td></td></tr>
</table>

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | 10.2.2 Soláthar Breise do Thalamh Tithíochta<br><br>In alt 4.4.3 de na 'Treoirlínte Forbartha Pleanála d'Údaráis Phleanála' (2022), tá an méid a leanas le léamh "nuair atá láithreáin tithíochta á soláthar le haghaidh forbartha laistigh de lonnaíochtaí, d'fhéadfadh sé go mbeidh gá tuilleadh talún le seirbhísí agus tuilleadh láithreán a chriosáil don úsáid chónaithe (nó meascán d'úsáidí cónaithe agus úsáidí eile) ná an méid atá leagtha síos go beacht chun freastal ar an éileamh tithíochta atá tuartha don lonnaíocht sin", chun rogha a sholáthar i láithreáin forbartha. Mar sin, bheadh níos lú tithíochta á soláthar mar gheall ar easpa gníomhaíochta ar láithreáin.<br><br>Feictear ó na figiúirí thuas i dtábla 10.2 go bhfuil an margadh seachadta tithíochta ag tearcfheidhmiú go dona le blianta beaga anuas i Leitir Ceanainn. Lena chois sin, ní mór a aithint nach gciallaíonn criosáil ar láithreán don úsáid chónaithe go ndéanfar forbairt ar an láithreán sin. Mar sin, tá sé ríthábhachtach, ar mhaithe le tacú le fás sa Lárionad Réigiúnach (rud a thacóidh le forbairt réigiúnach chothrom) go mbeidh dóthain solúbthachta ann maidir leis an talamh tithíochta atá ar fáil i Leitir Ceanainn. As ag gcúis seo, tá fóráil i bPhlean Leitir Ceanainn le haghaidh candaim shuntasaigh de thalamh tithíochta os cionn na mbunriachtanas a aithnítear i gCroístraitéis an Phlean Forbartha don Chontae. Áirítear san fhoráil bhreise seo freisin, saincheisteanna eile a mbeidh tionchar acu ar éileamh tithíochta i Leitir Ceanainn thar saolré an phlean, go háirithe líon ard na ndaoine easáitithe agus na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i Leitir Ceanainn (de réir figiúirí ón POS, tháinig thart ar 1300 duine on Úcráin go dtí toghcheantair Leitir Ceanainn - Bhaile na nGallóglach ó 2022. Lena chois sin, bhí os cionn 1100 Iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta ina gcónaí i nDún na nGall i mBealtaine 2023, mórán díobh sa Lárionad Réigiúnach).<br><br>Cé go sáraíonn candam an talún atá criosáilte don úsáid chónaithe an soláthar atá leagtha amach i mBunstraitéis an Phlean Forbartha don Chontae, ní mór a thabhairt faoi deara nach mbeidh tionchar diúltach aige seo ar fhás Leitir Ceanainn; go deimhin, tá 60% de thailte criosáilte don úsáid chónaithe laistigh de theorann POS an bhaile -– i bhfad os cionn an íosmhéid 40% a leagadh amach faoi RPO 3.7.22 den SESR. | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | 10.2.3 Suíomh Tithíochta agus Talamh Ar Fáil<br><br>Maidir le suíomh ~~agus cineál~~ tithíochta, is é ceann de na príomhthéamaí a tháinig chun cinn le linn an chomhairliúcháin phoiblí a reáchtáladh maidir leis an bPlean do Leitir Ceanainn, ná cúrsaí rogha. Dá réir sin, sainaithnítear sa Phlean raon leathan deiseanna fostaíochta le saintréithe éagsúla; idir tailte i lár an bhaile agus láithreáin inlíonta laistigh de cheantair d'fhorbairt bhunaithe, agus suíomhanna lonnaithe ag imeall nó sách gar do lár an bhaile, rud a éascaíonn breithniú a dhéanamh ar raon leathan tíopeolaíochtaí agus dlús tithíochta chun freastal ar riachtanais tithíochta gach earnáil. I ngach cás, beidh béim á leagan ar phobail a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil an bonneagar riachtanach fisiciúil agus sóisialta á sholáthar ar aon dul leis an bhforbairt tithíochta nua. Sonraítear i dTábla 10.3~~2~~ thíos mionsonraí na dtailte cónaithe poitéinsiúla laistigh de cheantar an phlean.<br><br>~~**Tábla 10.1 Figiúirí Fáis Réamh-mheasta do Leitir Ceanainn trí úsáid a bhaint as Bonnlínte agus Réamh-mheastacháin atá sonraithe faoi Chroístraitéis Phlean Forbartha Contae 2018-2024**~~<br><br>\| ~~**Méadú Réamh-mheasta Daonra na Croístraitéise go dtí 2031**~~ \| ~~**An líon aon tithíochta atá riachtanach**~~~~1~~ \| ~~**Riachtanas Talamh Talmhaíochta (Ha)**~~~~2~~ \|<br>\| ~~9881~~ \| ~~3593~~ \| ~~119.7~~ \| | |

~~[1] Bunaithe ar áitíocht 2.75 duine i ngach aonad teaghaise~~
~~[2] Bunaithe ar dhlús 30 aonad sa heicteár~~

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | **Tábla 10.2 Tailte Cónaithe** (see table below) | |

**Tábla 10.2 Tailte Cónaithe**

| **Tag. an Láithreáin** | **Achar (HA)** |
|---|---|
| **Cónaithe go Príomha** | |
| PR1 | 10.75 |
| PR2 | 6.3~~1.00~~ |
| PR3 | 1.97 |
| PR4 | 0.79 |
| PR5 | 14~~5~~.00 |
| PR6 | 24.46~~10.49~~ |
| PR7 | 1.14 |
| PR8 | 0.45 |
| PR9 | 2.08~~9.78~~ |
| PR10 | 1.44~~23~~ |
| PR11 | 4.43~~9.84~~ |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|

| | |
|---|---|
| PR12 | 2.62~~3.83~~ |
| PR13 | 5.24~~10~~ |
| PR14 | 0.83~~5~~ |
| PR15 | 4.7~~1.19~~ |
| PR16 | 3.90 |
| PR17 | 3.50 |
| PR18 | 1.89 |
| PR19 | 1.74~~0.55~~ |
| PR20 | 1.93 |
| ~~PR21~~ | ~~1.46~~ |
| ~~PR22~~ | ~~1.74~~ |
| **Iomlán:** | **~~94.16~~~~78.38~~ Ha** |
| **Láithreáin Deise** | |
| OPP1 | 7.25 (50% d'achar iomlán an láithreáin) |
| OPP2 | 4.54~~3.35~~ |


| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | | |

| | |
|---|---|
| OPP3 | 2.00 (8% d'achar iomlán an láithreáin) |
| OPP4 | 2.20 |
| OPP5 | 2.32 |
| OPP6 | 0.32 |
| OPP7 | 5.13~~2.08~~ |
| OPP8 | 7.73(50% d'achar iomlán an láithreáin)~~5.1~~ |
| OPP9 | 1.83~~7.80 (50% d'achar iomlán an láithreáin)~~ |
| OPP10 | 9.8(50% d'achar iomlán an láithreáin)~~1.83~~ |
| ~~OPP11~~ | ~~1.44~~ |
| ~~OPP12~~ | ~~9.80 (50% d'achar iomlán an láithreáin)~~ |
| Iomlán: | 43.12~~45.49~~ Ha |
| | |
| **An méid iomlán Talamh Cónaithe go Príomha agus Láithreán Deise Tithíochta:** | **137.28~~23.87~~** |
| | |


| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | **Achar Iomlán Láithreán Forbartha Straitéiseach agus Inbhuanaithe an Deiscirt** — 34~~90~~ | |
| MA2 | Táblaí 10.1, 10.2 agus 10.3 | **Déan athbhreithniú ar tháblaí, ar fhigiúirí agus ar uimhreacha láithreán mar is gá chun go mbeidh siad ag teacht leis an Athrú Ábhartha Tag. MA1**<br>(tá na táblaí faoi chaibidil le fáil laistigh den téacs – féach Táblaí 10.1, 10.2 agus 10.3 faoin tagairt MA1 thuas. Tugadh uimhreacha nua do láithreáin ar an léarscáil chriosaithe úsáid talún). | Tá – tá na huimhreacha láithreán le feiceáil ar an léarscáil chriosaithe úsáid talún |
| MA3 | Ailt 4.3.4, 9.4.1 agus 12.3 | **Déan athbhreithniú ar insint, polasaithe agus ar an téacs a bhaineann leis an bpleann maidir le riosca ó thuilte a bhainistiú, mar seo a leanas -**<br><br>Dath gorm ar théacs nua, téacs ~~scriosta i ndearg:~~<br><br>***4.3.4 Infrastruchtúr Cosanta ar Thuilte***<br>Go stairiúil, d'fhorbair baile Leitir Ceanainn agus go háirithe lár an bhaile, mar cheantar íseal atá nasctha le cainéal agus inbhear na Súilí. Dá bharr sin, tá codanna den bhaile i mbaol ó thuilte abhann agus cósta, agus meascán den dá rud go deimhin. Tá aird tarraingthe ar shuntas an riosca i gcás tuilte sa Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte (SFRA) atá le fáil i dteannta le Plean Leitir Ceanainn.<br><br>Is í an fheidhm atá le Plean Leitir Ceanainn chomh fada is a bhaineann le riosca i gcás tuilte forbairt a bhainistiú d'fhonn a chinntiú gur féidir le Leitir Ceanainn leanúint ar aghaidh ag forbairt gan riosca míchuí i gcás tuilte a chruthú d'fhorbairt agus do chónaitheoirí. Baineann tábhacht go háirithe le hathnuachan agus le forbairt inbhuanaithe leanúnach lár an bhaile chomh fada is a bhaineann le rath Leitir Ceanainn agus an réigiún trí chéile, ó tharla an baile a feidhmiú mar Ionad Réigiúnach ainmnithe agus mar inneall geilleagrach | Tá (Ceantair Tuilte A agus B le feiceáil ar an léarscáil) |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | Chontae Dhún na nGall. Níl an staid reatha idéalach, dá réir sin, de bhrí go bhfuil céatadán suntasach de lár an cheantar i mbaol i gcás tuilte, agus tá impleachtaí suntasacha aige sin chomh fada is a bhaineann le comhdhlúthú lár Leitir Ceanainn agus dlúthfhás na lonnaíochta.<br><br>Aithníodh sa staidéar measúnaithe agus bainistíochta riosca i gcás tuilte dobharcheantair (CFRAM) a rinne OOP, go bhféadfaí na struchtúir atá ann cheana féin i lár an bhaile a chosaint ó thuilte trí úsáid a bhaint as cosaintí crua agus fógraíodh i mBealtaine 2023 múnla seachadta píolótach chun cosaint ó thuilte a sheachadadh i Leitir Ceanainn. Leis seo, aistreofar an bhainistíocht ar shonraí a bhailiú, mar chéad chéim i scéim a dhearadh, ó innealtóirí sainchomhairleacha go dtí an Chomhairle. ~~Níl na cosaintí atá riachtanach ar aon chlár cistithe faofa, áfach.~~ Cé go gcuirtear fáilte roimh an bhfógra seo, tógfaidh sé roinnt blianta infrastruchtúr cosanta ar thuilte a dhearadh agus a thógail agus mar sin, leanfaidh an Chomhairle ag déileáil go hiomlán le OOP agus le gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha eile chun soláthar an infrastruchtúit cosanta ar thuilte atá riachtanach a chur chun cinn go pras. ~~Idir an dá linn, éileoidh an tÚdarás Pleanála go gcuirfear measúnuithe cuimsitheacha maidir le riosca i gcás tuilte ar fáil d'aon fhorbairt atá beartaithe i lár an bhaile i gceantar ina bhféadfadh riosca i gcás tuilte a bheith, de réir an Chórais Pleanála agus na dTreoirlínte maidir le Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte, chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an féidir nó nach féidir a leithéid sin de riosca a bhainistiú go cuí.~~<br><br>Tá polasaithe mionsonraithe maidir le riosca ó thuilte a bhainistiú i lár an bhaile le feiceáil in alt 9.4.1. Do na ceantair lasmuigh de lár an bhaile, úsáidfidh an t-údarás pleanála an creat polasaí atá leagtha amach faoi alt 12.3 chomh maith leis na polasaithe bainistíochta riosca atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae, rud a chinnteoidh go gcomhlíontar forálacha an Chórais Phleanála agus Treoirlínte um Riosca ó Thuilte a Bhainistiú d'Údaráis Phleanála.<br><br>**9.4.1 Criosanna Tuilte – Lár an Bhaile**<br><br>Tá sé aitheanta ag an SFRA a ghabhann leis an bPlean Leitir Ceanainn go bhfuil dhá cheantar faoi leith i lár an bhaile atá i gCrios Tuilte A (féach Léarscáil 9.1 thíos) – | |


| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | (i.) Ceantar suntasach ar an taobh thoir den *Isle Burn* agus<br><br>(ii.) Ceantar níos lú ar an taobh thiar de lár an bhaile.<br><br>Tá tionchar ag Crios Tuilte B ar cheantar suntasach, go háirithe ar an taobh thoir de Bhóthar an Phiarsaigh (féach Léarscáil 9.2)<br><br>**Lár an Bhaile go dtí an taobh thoir den *Isle Burn***<br><br>Ní mór measúnú speisialta a dhéanamh ar an gceantar taobh ó thoir den *Isle Burn* maidir le dhá shaincheist polasaí:<br><br>1. Forbairt chuí agus eagraithe ag bogadh amach ón lár; agus<br><br>2. Riosca ó thuilte.<br><br>Aitnítear roinnt dúshláin san obair ullmhúcháin agus chomhairliúcháin a rinneadh ar an bPlean seo agus ar Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040 maidir le beocht agus cuma thraidiúnta an bhaile. Díríodh go príomha ar an bPríomhshráid/Príomhsháid Íochtarach, agus ar na tailte tearcfhorbartha taobh thiar den *Isle Burn* in aice le Bóthar an Phiarsaigh. Tá acmhainneacht shuntasach sna ceantair seo maidir le tuilleadh forbartha a éascú agus éilíonn prionsabail na forbartha eagraithe agus inbhuanaithe go mbeidh tograí d'ionaid mhiondíola i lár an bhaile teoranta don taobh ó thiar den *Burn*, gan trácht ar spás urláir a chomhlíonann forálacha an Pholasaí LK-TC-10.<br><br>Má chuirtear san áireamh acmhainn thuasluaite an cheantair taobh ó thiar den *Burn*, ní feidir seasamh leis an gcinneadh, forbairt thraidisiúnta a dhéanamh ar lár an bhaile ar thailte neamhfhorbartha taobh ó thoir den *Burn* de réir riachtanas an 'Córas Pleanála agus Treoirlínte d'Údaráis Phleanála um Riosca ó Thuilte a Bhainistiú'. Mar sin, aithníonn polasaí LK-TC-10 na húsáidí sin a d'fhéadfadh a bheith inghlactha i bprionsabal agus aithnítear na ceantair sin a aithíodh cheana féin chomh maith leis na deiseanna a eascraíonn ón Straitéis | |


| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | Athghiniúna cuimsitheach do Leitir Ceanainn 2040.<br><br><br>Léarscáil 9.1 Crios Tuilte laistigh de Lár Bhaile Leitir Ceanainn (SFRA do Leitir Ceanainn, 2022)<br><br>**<u>Ceantair Lár an Bhaile taobh ó thiar de Bhóthar an Phiarsaigh R250 Pearse Road/Oldtown Road</u>**<br><br>Tá cuid bheag an cheantar i lár an bhaile atá taobh ó thiar de Bhóthar an Phiarsaigh/Oldtown Road R250 laistigh de Chrios Tuilte A. Rinneadh tailte neamhfhorbartha laistigh dne chrios tailte seo a chriosáil mar 'Spás Oscailte' chun dul i ngleic leis an mbaol ó thuilte. D'éirigh le ceantair forbartha atá ann cheana féin sa chuid seo de lár an bhaile i 'scrúdú fíréanaithe' mar chuid den SFRA don phlean seo, agus d'fhéadfadh tograí san áit seo a bheith faoi réir srianta ag brath ar thorthaí scrúdaithe fíréanaithe (féach Alt xxxx den tuarascáil SFRA). | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | ***Beartas LK-TC-P-10:*** *Is beartas é de chuid na Comhairle gan tacú ach leis na húsáidí laistigh den chuid sin de lár an bhaile atá taobh ó thoir den* Isle Burn, *faoi réir thorthaí measúnaithe mionsonraithe ar riosca ó thuilte, mar is gá:*<br><br>*a. Forbairt chomhoiriúnach maidir le huisce, mar atá leagtha síos i dTreoirlínte don Chóras Pleanála agus chun Riosca ó Thuilte a Bhainistiú;*<br><br>*b. Cur leis an gCampas OTA;*<br><br>*c. Ní chuirfidh forbairtí/síneadh ar aonaid tráchtála atá ann cheana féin i mBóthar Port/Bóthar Ceangail Joe Bonner sa chás go bhfuil na forbairtí sin laistigh den láithreán sin, ní chuirfidh siad isteach as chonair srutha, ní thabharfar líon breise suntasach daoine isteach i gceantar ina bhfuil riosca ó thuilte agus ní stórálfar substaintí guaiseacha, agus comhlíonfar pleananna dearaidh uirbeacha an Údaráis don cheantair mar atá leagtha amach i Máistirphlean Straitéise Athghiniúna do Leitir Ceanainn 2040;*<br><br>*d. Córais draenála uirbeacha inmharthana agus réitigh bunaithe ar an dúlra chun uisce báistí agus uisce dromhcla a théann chun srutha a bhainistiú; nó*<br><br>*e. Forbairt a thagann le Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040.*<br><br>*Ní thacófar le miondíoltóireacht áise ná comparáide sna ceantair seo.* | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | <br>*Léarscáil 9.2 Crios Tuilte B laistigh de Lár Bhaile Leitir Ceanainn (SFRA do Leitir Ceanainn, 2022)*<br><br>*Beartas LK-TC-P-11: Is beartas de chuid na Comhairle é nach n-áireofar, laistigh de Chrios Tuilte B, úsáidí a mheastar go bhfuil siad leochaileach maidir le tuilte ach amháin sa chás -*<br><br>*a.* Má tá siad lonnaithe ag leibhéail níos airde ná an bunurlár, lastuas de leibhéil tuile tuartha.<br>*b.* Má rinneadh dóthain forála chun dul isteach sa láithreán agus é a fhágáil i gcás tuile.<br>*c.* Má rinneadh anailís riosca láithreán-bunaithe mionsonraithe ar an togra mar chuid de mheasúnú riosca i gcás tuilte. | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | **12.3 Bainistiú Riosca i gCás Tuilte**<br><br>Mar a tugadh faoi deara i roinn 4.3.4, tá limistéir shuntasacha laistigh de theorainn Phlean Leitir Ceanainn i mbaol ó thuilte cósta agus abhann. Anuas air sin, ciallaíonn topagrafaíocht an bhaile nach mór an riosca ó thuilte báistiúla (sreabhadh de dhroim talún a tharlaíonn nuair a sháraíonn an méid báistí acmhainn na gcóras draenála stoirm uisce uirbeach nó an talamh atá ar fáil chun é a ionsú) a bhreithniú agus a bhainistiú go cúramach.<br><br>Sa Mheasúnú Riosca Straitéiseach i gcás Tuilte a ullmhaíodh chun tacú le Plean Leitir Ceanainn, dírodh aird ar dhá réimse, ar cúis imní iad maidir le riosca ó thuilte; an ceantar i lár an bhaile (~~go háirithe an taobh ó thoir den Isle Burn,~~ féach Alt 9.4. ~~léarscáil~~~~12.1~~) agus an ceantar Bun an Ghaoith. Lena chois sin, deirtear sa Mheasúnú, gur gá aird a dhíriú freisin ar cheantair ina bhfuil forbairt sheanbhunaithe ann sa chomhthéacs bainistíochta tuilte.<br><br>***12.3.1 Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn do Lár an Bhaile maidir le Riosca ó Thuilte (Leirit Ceanainn 2040)***<br>Féach Caibidil 9, Alt 9.4.1.<br><br>~~**12.3.1 Riosca i gcás Tuilte i Lár an Bhaile**~~<br>~~Sainaithnítear sa Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte a ullmhaíodh chun tacú leis an bPlean seo, agus staidéar CFRAM Oifig na nOibreacha Poiblí, limistéar suntasach a bhféadfaí riosca i gcás tuilte a lua leis, Crios Tuilte A, ag an taobh thoir de *Isle Burn* laistigh de lár an bhaile sainithe. Mar atá luaite i roinn 4.3.4, éileoidh an tÚdarás Pleanála go gcuirfear measúnuithe cuimsitheacha maidir le riosca i gcás tuilte ar fáil d'aon fhorbairt atá beartaithe i lár an bhaile i gceantar ina bhféadfadh riosca i gcás tuilte a bheith, de réir *An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála*, chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an féidir nó nach féidir a leithéid sin de riosca a bhainistiú go cuí.~~ | |

| **Tag.** | **Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil** | **Leasú Ábhartha Molta** | **Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl)** |
|---|---|---|---|
| | | <br><br>~~**Mapa 12.1 Crios Tuilte A laistigh de Lár Baile Leitir Ceanainn (SFRA do Leitir Ceanainn, 2022)**~~<br><br>**12.3.2 Riosca i gcás Tuilte i gCeantar Bonagee**<br>Tá roinnt fiontar tráchtála lonnaithe i gceantar Bonagee Leitir Ceanainn agus leanfaidh an ceantar seo ag feidhmiú mar lárionad tábhachtach le haghaidh gníomhaíocht gheilleagrach. Mar atá luaite i Roinn 8.1.4, de staidéar CFRAM Oifig na nOibreacha Poiblí cheana féin, agus go deimhin sa SFRA a rinneadh i dteannta leis an bPlean seo, tá an ceantar seo i mbaol éifeachtaí ó thuilte. De réir fhorálacha *An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála*, tá sé mar aidhm leis an bPlean seo ceantair lena mbaineann riosca suntasach i gcás tuilte leo, agus dá réir sin, tá suíomhanna áirithe a bhí criosaithe mar úsáid fostaíochta roimhe seo athchriosaithe mar 'spás oscailte'. D'fhonn cúiteamh le haghaidh caillteanas tailte fostaíochta i gceantar *Bonagee* agus *Port Road* , tá ceantair nua de thalamh 'Ginearálta Fostaíochta agus Tráchtála' curtha ar fáil i gceantar *Mountain Top* agus *Bonagee*; ag suíomhanna in *Bonagee* atá lasmuigh de | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | Chrios Tuilte A. I dteannta le soláthar breise tailte tráchtála agus fostaíochta ar fud an bhaile, is bealach iad na criosuithe seo lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal mar is cuí ar fhorbairt gheilleagrach agus ar chruthú fostaíochta sa Lárionad Réigiúnach.<br><br><br><br>**Mapa 12.1~~2~~ Crios Tuilte A i gceantar *Bonagee* agus *Port Road* (SFRA do Leitir Ceanainn, 2022)**<br><br>***12.3.3 Tuilte Báistiúil/Uisce Dromchla***<br><br>Ciallaíonn geografaíocht Leitir Ceanainn, áit a bhfuil lár an bhaile suite feadh na Súilí ag íochtar leiceann cnoic gleanna, nach mór breithniú cúramach a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh tuilleadh forbartha ar thailte | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | ardaithe tionchar a bheith acu ar thailte ag leibhéil níos ísle, go háirithe chomh fada is a bhaineann le tuilte. Chuige sin, tacóidh an t-údarás pleanála le húsáid a bhaint as Córais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe (SuDS) d'fhonn a chinntiú nach gcuireann an fhorbairt nua isteach ar fheidhmiú cuí an ghréasáin draenála uirbí. Lena chois sin, más cuí, iarrfaidh an t-údarás pleanála ar fhorbróirí Measúnú Tionchair Dhraenála a sholáthar ina gcuirtear síos ar dhearadh le haghaidh draenacha atá molta (uisce bréan agus uisce dromchla) agus a scrúdaíonn an draenáil ~~don cheantar~~ nach bhuil ar an láithreán (i.e. éifeachtacht agus oiriúnacht an líonra draenála taobh amuigh den láithreán forbartha molta).<br><br>***12.3.4 Riosca ó Thuilte laistigh de Cheantair atá Forbartha cheana féin***<br>Tá áiteanna áirithe i Leitir Ceanainn atá forbartha cheana féin ina bhfuil baol ó thuilte ann. I roinnt díobh, tá sé réasúnta go mbeifí ag súil go mbeidh tograí ann chun forbairt a dhéanamh ar scála teoranta (e.g. tithíocht inlíonta, síntí nó athrú úsáide). Má mheastar go bhfuil a leithéid d'fhorbairt oiriúnach ó thaobh cúrsaí suímh, seirbhísí agus timpeallachta de, tá 'scrúduithe fíréanaithe' déanta ag an Údarás Pleanála mar chuid den Mheasúnú Riosca Straitéiseach i gcás Tuilte a rinneadh don Phlean Leitir Ceanainn, agus sa chás gur éirigh leis na háiteanna sa scrúdú sin, i bprionsabal, is féidir forbairt a dhéanamh orthu<br><br>Le feiceáil go soiléir sa tuarascáil SFRA (féach Alt xxxxx) tá na ceanntair ina bhfuil forbairt iontu cheana féin agus ina bhfuil baol ó thuilte iontu freisin, ach mar sin féin, is féidir seasamh le cinéalacha áirithe forbartha. Moltar d'iarratasóirí dul i gcomhairle leis an tuarascáil sin maidir leis seo. Nuair atá iarratais phleanála á mheas i gceanntair mar sin, déanfaidh an tÚdarás Pleanála cinnte de go gcloítear le prionsabail na 'dTreoirlínte con Chóras Pleanála agus don Bhainistíocht Riosca ó Thuilte', agus cuirfear srianta i bhfeidhm ar thograí forbartha de bhun na dtorthaí a thagann chun cinn nuair a dhéantar scrúdú fíréanaithe (féach Alt xxxx den tuarascáil SFRA).<br><br>***12.3.5~~4~~ Beartas Breise maidir le Bainistíocht Riosca ó Thuilte***<br>Áirítear sa Phlean Forbartha Contae (CDP) tacar cuimsitheach de bheartais a bhaineann le bainistíocht riosca i | |

| **Tag.** | **Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil** | **Leasú Ábhartha Molta** | **Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl)** |
|---|---|---|---|
| | | gcás tuilte, bunaithe ar an treoir agus ar na cuir chuige atá le fáil i bhfoilseachán na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil dar teideal '*An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála*'. Nuair atá riosca ó thuilte á mheas agus á bhainistiú laistigh den teorann atá sa Phlean Leitir Ceanainn, úsáidfidh an t-údarás pleanála an creat polasaí atá leagtha amach sa phlean seo agus an PFC, ~~a sholáthraíonn~~ agus soláithreofar ar an dóigh sin bunús láidir a chinnteoidh go gcomhlíonfar na treoirlínte bainistíochta riosca mar aon le hoiriúnú éifeachtach ar an mbagairt atá ag dul i méid ó thuilte de bharr an athraithe aeráide. | |
| MA4 | Tábla 7.2 Maitrís Chriosaithe Úsáid talún | **a. Cuir isteach insint nua a thiocfaidh roimh an maitrís chriosaithe úsáid talún, mar seo a leanas (téacs nua i ndath gorm)**<br><br>Léiríonn an Mhaitrís Chriosaithe réimse d'úsáidí talún in éineacht le cé chomh inghlactha is atá siad i gcoitinne i ngach ceann de na criosanna talún.<br><br>Fiú má tá inghlacthacht ann i gcoitinne do chineál úsáide talún áirithe laistigh de cheantar criosaithe faoi leith, cuirtear iarratasóirí ar an airdeall go ndéanfar measúnú ar leochailteacht maidir le tuilte nuair atá tograí le haghaidh forbairtí á mheas agus i ngach cás cuirfidh an t-údarás pleanála na prionsabail agus an treoir i bhfeidhm atá leagtha amach sna Treoirlínte don Chóras Pleanála agus don Bhainistíocht Riosca ó Thuilte d'Údaráis Phleanála'. Tá tuilleadh eolais maidir le riosca ó thuilte a bhainistiú le fáil in ailt 9.4.1 agus 12.3 den Phlean seo.<br><br>**b. Leasaigh an mhaitrís chriosaithe úsáide talún chun rangú d'úsáidí áirithe a athrú laistigh de cheantair atá criosaithe mar 'Lár an Bhaile' nó 'Forbairt Seanbhunaithe', ó *Y-Inghlactha i bprionsabal go dtí O-Le Meas* (mar seo a leanas) -**<br><br>**c. Leasaigh an mhaitrís chriosaithe úsáide talún chun a shoiléiriú go ndéanfar measúnú ar láithreán a úsáid mar reilg i gceantair atá criosaithe mar 'Timpeallacht Áitiúil' (le feiceáil thíos).** | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|

Dath gorm ar théacs nua, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~

Y= Inghlactha i bPrionsabal; O= Le breithniú; N= Níl inghlactha

| **Talamhúsáid** | Criosú | **Cónaithe go Príomha** | **Lár an Bhaile** | **Forbairt Bhunaithe** | **Cúltaca Straitéiseach Cónaithe** | **Spás Oscailte** | **Úsáidí Ginearálta Fostaíochta** | **Timpeallacht Áitiúil** | **Pobal agus Oideachas** | **Deis Straitéiseach don Phobal** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ionaid Siamsaíochta/Casaíní | | N | O[1] | N | N | N | N | N | N | N |
| Foirgnimh Talmhaíochta | | N | N | N | O[2] | N | N | O | N | O |
| Carrchlós (seachas carrchlós coimhdeach) | | N | O[3] | N | N | N | N | N | N | N |
| Oifig Ghealltóireachta | | N | O[4] | O[4] | N | N | N | N | N | N |
| Caifé | | N | O | O | N | N | O | N | N | O |
| Reilig | | N | N | N | N | N | N | ~~N~~O | Y | N |
| Pictiúrlann | | N | O~~Y~~ | N | N | N | N | N | N | N |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | | | | | | | | | | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Pobal/Áineas/Spóirt | O | O | O | O | O | O | O | Y | Y | |
| | | Creis/Naíonra | O | O¥ | O | N | N | O | N | Y | Y | |
| | | Úsáidí Cultúrtha/Leabharlann | N | O¥ | O | N | N | N | N | Y | Y | |
| | | Halla Damhsa/Dioscó | N | O¥[5] | N | N | N | N | N | N | N | |
| | | Ionad Sonraí | N | N | N | N | N | O | N | N | N | |
| | | Teach Tórraimh | N | O¥ | O | N | N | O | N | O | N | |
| | | Garáiste/Deisiú Carranna | N | O¥ | O[6] | N | N | O | N | N | N | |
| | | Teach Lóistín / Óstán / Brú | N | O¥ | O | N | N | N | N | N | N | |
| | | Bialann Beir Leat Bia Te | N | O¥ | O[7] | N | N | N | N | N | N | |
| | | Tionscal (éadrom) | N | O¥ | O[8] | N | N | O | N | N | N | |
| | | Tionscal (Ginearálta) | N | N | N | N | N | O[9] | N | N | N | |

| **Tag.** | **Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil** | **Leasú Ábhartha Molta** | | | | | | | | | | **Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl)** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Comhairleacht Leighis/Cúram Sláinte | N | O~~Y~~ | O | N | N | O | N | O | N | |
| | | Díolachán Carranna | N | N | O | N | N | O | N | N | N | |
| | | Teach Altranais | N | O~~Y~~ | O | N | N | N | N | Y | O | |
| | | Oifigí | N | O~~Y~~ | O[10] | N | N | Y[10] | N | O[10] | O[10] | |
| | | Páirc/Áit Súgartha | O | O | O | N | Y | N | O | Y | O | |
| | | Stáisiún Peitril | N | O | O[11] | N | N | O[11] | N | N | N | |
| | | Ionaid Adhartha | N | O~~Y~~ | O | N | N | O | N | Y | O | |
| | | Páirceanna Imeartha | O | O | O | O | O | N | O | O | Y | |
| | | Teach Tábhairne | N | O~~Y~~ | O | N | N | N | N | N | N | |
| | | Bialann | N | O~~Y~~ | O | N | N | O | N | N | N | |
| | | Cónaithe | Y | O~~Y~~ | Y | O[12] | N | N | O[13] | N | O[14] | |
| | | Miondíol | N | O~~Y~~ | O[15] | O[16] | N | O[17] | O[18] | N | N | |


| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Scoil/Oideachas | N | O~~Y~~ | O | N | N | N | N | Y | B |
| Giniúint Grianfhuinnimh (seachas forbairt díolmhaithe nó micrighiniúint[19]) | N | O | O | O[20] | N | O | O[21] | N | O |
| Saoráidí do Thurasóirí | N | O~~Y~~ | O | N | N | N | N | N | N |
| Trádstóras/Stór/Iosta | N | O | O | N | N | O | N | N | N |


| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| MA5 | Alt 10.6, Polasaithe Tithíochta Láithreán-bunaithe | **Leasaigh an beartas LK-H-P-9a(ii.) mar seo a leanas - (téacs nua i ndath gorm, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~):** <br><br> Solathrófar, ar an taobh ó dheas den láithreán, nasc do choisithe, do rothaithe agus do dhaoine eile a bhaineann úsaid as rotha atá sábháilte agus soilsithe go maith, chun nasc a dhéanamh leis an gcosán atá ar an taobh thuaidh den Bhóthar Réigiúnach R245. | No |
| MA6 | Tábla 7.2, Maitrís Chriosaithe Úsáid talún | **Leasaigh fo-nóta 14 a ghabhann leis an maitrís chriosaithe mar seo a leanas (téacs nua i ngorm)** <br><br> Ní bhreithneofar tograí le haghaidh forbairt chónaithe ar thailte atá criosaithe mar Deis Straitéiseach don Phobal sa chás go bhfuil cóiríocht do mhic léinn san áireamh iontu. De ghnáth, ní mór an chóiríocht sin a lonnú ar an gcuid ó dheas den chriosú Deis Pobail Straitéiseach chun taisteal gníomhach a éascú. Ní bhreithneofar tograí le haghaidh cineálacha forbartha cónaithe eile go fabhrach ar thailte atá criosaithe mar Dheis Straitéiseach don Phobal. | Níl |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| MA7 | Tábla 7.2, Maitrís Chriosaithe Úsáid talún | **Leasaigh fo-nóta 10 a ghabhann leis an maitrís chriosaithe mar seo a leanas (téacs nua i ngorm)**<br><br>Moltar d'fhorbróirí a chur san áireamh, go mbeidh seirbhísí gairmiúla, sa chás go bhfuil sé beartaithe na seirbhísí a sholáthar go príomha do bhaill den phobal atá ar cuairt, dírithe ar lár ainmnithe an bhaile nó ionaid chomharsanachta bunaithe, de réir fhorálacha Bheartas LK-EDE-P-3 den Phlean seo. Laistigh den chriosú Deis Pobail Straitéiseach, cuirtear teorann ar úsáid oifige, d'oifigí a bhaineann leis na príomhúsáidí criosaithe atá inghlactha i brionsabal don cheantar seo, i.e. Scoil / Oideachas, Páirceanna imeartha, Úsáidí Cultúrtha / Leabharlann, Creche / Naíonra agus Pobal / Fóilíocht / Spórt. | Níl |
| MA8 | Alt 12.6 | **Leasaigh beartas CAM-LK-P-2 mar seo a leanas (téacs nua i ngorm)**<br><br>**Beartas CAM-LK-P-2:** Is beartas é de chuid na comhairle é clúdach ó chrainn dhúchasacha a mhéadú mar aon le plandáil oiriúnach do phailneoirí i Leitir Ceanainn trí riachtanas a dhéanamh de go gcuirtear crainn, fál sceach agus bláthanna dúchasacha mar chuid de thograí forbartha in áiteanna cuí ar bhóthair phoiblí, ar bhóthair chónaithe, i bpáirceanna agus in áiteanna eile de spás oscailte, chun bithéagsúlacht áitiúil, taitneamhacht amhairc agus bainistíocht uisce dromhchla inbhuanaithe nádúr-bunaithe agus cuir chuige draenála a spreagadh. | Níl |
| MA9 | Alt 12.6 | **Leasaigh beartas CAM-LK-P-6 mar seo a leanas (téacs nua i ngorm, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~)**<br><br>**Beartas CAM-LK-P-6:** Is beartas é de chuid na comhairle é go n-ionchorprófar i ngach togra laistigh de gach forbairt phoiblí agus phríobháideach agus laistigh den ríocht phoiblí SUDS mar chuid de chur chuige nádúr-bunaithe, go laghdófar méid na pábhála dromchla crua neamhscagach mar aon leis ~~an tionchar~~ na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thuilte de réir an Doiciméid Treorach Eatramhach Dea-Chleachtais 'Réitigh Nádúr-bunaithe chun Uisce Báistí agus Dromhchla a Bhainistiú i gCeantair Uirbeacha (2022)'. | Níl |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| MA10 | Alt 12.4 | **Cuir isteach an Sprioc nua seo in Alt 12.4 den Dréacht PÁC (téacs nua i ndath gorm)**<br><br>**CAM-LK-O-3:** Is sprioc é de chuid na comhairle a chinntiú go gcuirtear san áireamh agus go ndéantar foráil do bhearta bainistíochta riosca ó thuilte i Leitir Ceanainn chun dul in oiriúint go héifeachtach don athrú aeráide, mar atá leagtha amach i bPlean Oiriúnaithe Earnála an OOP um Bainistíocht Riosca ó Thuilte (OOP 2019). | Níl |
| MA11 | Alt 13.2 | **Leasaigh beartas LK-NBH-1 mar seo a leanas (téacs nua i ndath gorm, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~)**<br><br>**Beartas LK-NBH-P-1:** Is beartas é de chuid na comhairle: a. Tacú leis an bprionsabal spásanna taitneamhachta nua a chruthú mar aon le bealaí taitneamhachta agus córais bhithéagsúlachta nádúrtha agus bhogaigh in aice leis an Súileach ~~ag brath ar mheasúnú mionsonraithe agus~~. Áireofar sna moltaí sin measúnú mionsonraithe ar thábhacht réitigh bunaithe ar an nádúr le haghaidh uisce dromchla a bhainistiú, de réir Doiciméid Treorach Eatramhach Dea-Chleachtais 'Réitigh Nádúr-bunaithe chun Uisce Báistí agus Dromhchla a Bhainistiú i gCeantair Uirbeacha (2022)' agus de réir ainmniú, polasaithe agus caighdeáin ábhartha atá sa phlean seo agus sa CDP; agus<br><br>b. Go ginearálta, a cheangal 'go ndéileálann' forbairtí taobh leis an tSúileach leis an abhainn trí spásanna taitneamhachta nua a chur san áireamh mar aon le conairí caithimh aimsire, córais nádúrtha bhithéagsúlachta agus bogadh agus éadanas gníomhach a bhfuil rochtain ar an bpobal air, seachas in imthosca eisceachtúla. | Níl |
| MA12 | Alt 1.6 | **Cuir isteach sa phlean teorann ón bPlean Straitéiseach Lárionad Fáis Réigiúnaigh agus cuir isteach insint bhreise mar seo a leanas (téacs nua i ndath gorm)**<br><br>**1.6 Leitir Ceanainn mar Lárionad Fáis Réigiúnaigh**<br><br>Sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch de chuid TRI NWRA, aithnítear an ról fíorthábhachtach atá | Tá (léarscáil ina dtaispeántar teorann RGCSP) |

| **Tag.** | **Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil** | **Leasú Ábhartha Molta** | **Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl)** |
|---|---|---|---|
| | | ag Leitir Ceanainn mar chuid de 'Réigiún Cathrach Iarthuaiscirt'; líonra trasteorann d'ionaid uirbeacha dírithe ar Leitir Ceanainn, ar Dhoire agus ar Shrath Bán ach ina gcuimsítear freisin ceantar uirbeach níos mó ina bhfuil mórán lonnaíochtaí suntasacha. Sa SRSE deimhnítear teorann do Lárionad Fáis Réigiúnaigh Leitir Ceanainn, atá bunaithe ar ghnéithe tíreolaíochta agus timpeallachta. Aithnítear ann freisin na príomhshuíomhanna daonra agus fostaíochta a thuigtear leis an bPríomhcheantar Uirbeach, in éineacht leis na ceantair sin níos faide amach a léiríonn pátrúin chomaitéireachta suntasach i dtreo Leitir Ceanainn. Leagtar síos an teorann don Phlean Straitéiseach do Lárionad Réigiúnaigh Leitir Ceanainn i bhFigiúir 1.3 thíos. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-achar don teorann sin (mar atá leagtha síos sa SRSE) níos mó ná an t-achar a chlúdaíonn an teorann sa Phlean Leitir Ceanainn agus ó thaobh polasaí pleanála de, clúdófar ceantair atá lasmuigh den teorann sa Phlean Leitir Ceanainn leis an gcreat polasaí atá le fáil sa Phlean Forbartha Contae atá i bhfeidhm.<br><br><br>**Fig 1.3 teorann sa Phlean Straitéiseach do Lárionad Fáis Réigiúnaigh Leitir Ceanainn (foinse: TRI SRSE)** | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| MA13 | Alt 9.4.3 | **Cuir isteach gníomh sa phlean maidir le staidéar ar Airde Foirgneamh a ullmhú agus cuir isteach insint bhreise, mar seo a leanas (téacs nua i ndath gorm)**<br><br>***9.4.3 Airde Foirgneamh***<br>Tacaíonn an Sprioc Polasaí Réigiúnaigh 3.7.27 den SESR go n-ullmhófar staidéar ar airde foirgneamh mar threoir don fhorbairt a dhéanfar amach anseo ar an lárionad réigiúnach. Díreofar ar rátaí dlúis iosta de 50 aonad in aghaidh an heicteáir i lár an bhaile agus ar ráta réamhshocruithe de 35 aonad in aghaidh an heicteáir in áiteanna eile. Ullmhófar an plean seo ar mhaithe le fás dlúth a sheachadadh in éineacht le timpeallacht thógtha ardchaighdeáin; leagtar síos thíos gníomh faoi leith maidir le hairde foirgneamh a sheachadadh.<br><br>**Gníomh LK-A-1: Déanfaidh an tÚdarás Pleanála staidéar ar airde fhoirgneamh chun forbairt ar Lárionad Réigiúnach Leitir Ceanainn a threorú amach anseo.** | Níl |
| MA14 | Alt 10.7, Láithreán Forbartha Inbhuanaithe agus Straitéiseach ó Dheas | **Leasaigh téacs Alt 10.7 mar seo a leanas. Dath gorm ar théacs nua, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach:~~**<br><br>**Poitéinseal SSDS**<br>Cuimsítear in SSDS thart ar 34~~90~~ heicteár de thalamh neamhfhorbartha ó dheas den tSúileach (féach ar mhapa 10.1). Tá na tailte seo suite in áit straitéiseach ag deisceart lár an bhaile agus tá deis dháiríre ann comharsanacht insiúlta ar ardchaighdeán a sholáthar ina bhfuil tithíocht, cúram leanaí, scoileanna agus úsáidí comharsanachta miondíola agus seirbhíse le fáil; comharsanacht ar féidir í a ailíniú le cuspóirí dlúthfháis an Chreata Pleanála Náisiúnta agus a chuirfeadh ar chumas cónaitheoirí cónaí in agus idirghníomhú le croílár an bhaile. | Tá – féach Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún |

| **Tag.** | **Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil** | **Leasú Ábhartha Molta** | **Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl)** |
|---|---|---|---|
| | | **Cuir isteach léarscáil nua a thaispeánann méid an SSDS, de réir na dréachtléarscáile chriosaithe úsáid talún**<br><br>Mapa **10.1 – SSDS** agus bóthar ceangail phoitéinsiúil ó lár an bhaile<br><br>**Leasaigh beartas CAM-LK-P-2 mar seo a leanas –**<br><br>**Beartas LK-H-P-10: Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le tograí forbartha suntasacha laistigh den SSDS sna cásanna seo a leanas:**<br><br>**i. a. Tá máistirphlean cuimsitheach bonneagair comhaontaithe ag an Údarás Pleanála, agus tá sásraí maoinithe agus cur chun feidhme sainaitheanta go soiléir chun sástachta an Údaráis Phleanála don bhonneagar straitéiseach riachtanach. Díreofar sa mháistirphlean** | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | **straitéiseach sin ar, inter alia:**<br>• **Trasbhealach droichid thar an tSúileach agus bóthar ceangail chuig Bóthar na Leice,**<br>• **Nasc séaraigh bhréin,**<br>• **Naisc soláthair uisce,**<br>• **Draenáil uisce dromchla lena n-áirítear Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe de réir mar is gá,**<br>• **Comhtháthú éifeachtach scéimeanna bóithre TEN-T agus Tionscadal Líonra an Deiscirt.**<br>**b. Máistirphlean leagain amach i dteannta leis an máistirphlean bonneagair agus na prionsabail mháistirphleanála atá sonraithe i dTábla 10.3 thíos comhaontaithe leis an Údarás Pleanála;**<br>**c. Cloíonn a leithéid de thograí leis an máistirphlean bonneagair agus leis an máistirphlean leagain amach thuasluaite; agus**<br>**d. Socruithe mionsonraithe maidir le soláthar príomhghnéithe den bhonneagar straitéiseach dá dtagraítear thuas bunaithe chun sástachta an Údaráis Phleanála.**<br>~~Má tá forbairt á déanamh taobh ó thuaidh den Bhóthar Leac,~~Beidh gá leis an infreastruchtúr straitéiseach a leanas sular féidir cónaí ann:<br>• **Trasbhealach droichid thar an tSúileach agus bóthar ceangail chuig Bóthar na Leice,** | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | • **Nasc séaraigh bhréin,**<br>• **Naisc soláthair uisce,**<br>• **Draenáil uisce dromchla lena n-áirítear Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe de réir mar is gá**<br><br>~~**Maidir leis an bhforbairt ó thuaidh de Bhóthar na Leice, beidh gá leis an mbonneagar straitéiseach seo a leanas roimh aon fhorbairt a áitiú den chéad uair:**~~<br>• ~~**Trasbhealach droichid thar an tSúileach agus bóthar ceangail chuig Bóthar na Leice,**~~<br>• ~~**Nasc séaraigh bhréin,**~~<br>• ~~**Naisc soláthair uisce,**~~<br>• ~~**Draenáil uisce dromchla lena n-áirítear Córais Draenála Uirbí Inbhuanaithe de réir mar is gá**~~<br><br>**ii. Ní cheadófar áitiú forbairt atá le soláthar ach sa chás go bhfuil an bonneagar straitéiseach riachtanach ar fad curtha i gcrích chun sástachta an Údaráis Phleanála.** | |
| MA15 | Alt 9.3, Forbairt Lár an Bhaile a Bhainistiú (fo-alt 9.3.2.1) | **Cuir isteach spriocanna mar seo a leanas (Dath gorm ar théacs nua) agus athuimhrigh na spriocanna eile mar is gá**<br>**Sprioc LK-TC-O-05:** Na coincheapa atá sa Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040 a thabhairt tríd na próisis ina dhéantar dearadh mionsonraithe, teagmháil le páirtithe leasmhara agus na próisis is gá a fhaomhadh go reachtúil. Ina dhiaidh sin, ní mór fís chomhoibríoch na Straitéise a thabhairt chun críche.<br><br>**Sprioc LK-TC-O-06:** Clár bainistíochta talún agus bunachar sonraí gníomhach a fhorbairt ina n-áireofar | Níl |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | mapáil de thailte athfhorbraíochta agus tailte eile, ar nós láithreáin fholmha nó tearcfhorbraithe. Déanfar rianú ar dhul chun cinn maidir le hiarratais phleanála agus aithneofar bacainní forbartha, leis an aidhm forbairt ar na tailte sin a chur chun cinn agus a chomhordú.<br><br>**Sprioc LK-TC-O-07:** Leibhéal na bhfoirgnimh fholmha agus thréigthe i Leitir Ceanainn a laghdú 50% thar saolré an Phlean Ceantair Áitiúil trí chistiú poiblí agus scéimeanna agus trí thacaíocht ón earnáil phríobháideach a spreagadh. | |
| MA16 | Alt 9.3, Forbairt Lár an Bhaile a Bhainistiú (fo-alt 9.3.2.2) | **Cuir isteach na beartais nua seo a leanas (téacs nua i ndath gorm) agus athuimhrigh na beartais eile mar is gá**<br><br>**Beartas LK-TC-P-01:** Is beartas de chuid na Comhairle é tacú leis na huaillmhianacha atá i Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040.<br><br>**Beartas LK-TC-P-02:** Is beartas de chuid na Comhairle é a cheangal ar fhorbróirí go mbeidh tograí forbartha i lár an bhaile ag teacht le Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040 ar an iomlán.<br><br>**Leasaigh beartas LK-TC-P-08 mar seo a leanas (téacs nua i ndath gorm) -**<br><br>**Beartas LK-TC-P-086: Is beartas de chuid na Comhairle é a cheangal go bhfuil na critéir dearaidh seo a leanas á gcomhlíonadh ag tograí forbartha laistigh de cheantar lár an bhaile:**<br>• Sna tograí cuirfear san áireamh Treoir Dearaidh Leitir Ceanainn agus an Plean Gníomhaíochta Spás Poiblí & Ceangail, a ullmhaíodh mar chuid de Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040.<br>• **Díreofar i dtograí ar fhoirgnimh shainiúla a sholáthar atá ar ardchaighdeán ailtireachta, a** | Níl |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | **chuireann le hómós áite agus le ríocht phoiblí ar ardchaighdeán**<br>• **Cinnteoidh na línte tógála go mbeidh an chuma ar an sráid-dreach go bhfuil sé iata (i.e. línte tógála seanbhunaithe a leanúint más cuí nó an líne thógála a bhogadh níos cóngaraí d'imeall an bhóthair más gá chun an sráid-dreach a shainiú ar bhealach níos fearr)**<br>• **Tacófar i dtograí le leas físiúil trí mhodhnú agus mionsonrú gnéithe ailtireachta (e.g. ingearchlónna foirgnimh a athrú, foirm díonta a athrú, coirnisí, fuinneoga, sceimhleacha, éadain agus bealaí isteach agus athruithe beaga ar shlánachar).**<br>• **Déanfar foráil i dtograí le haghaidh forbairt 3 urlár ar a laghad feadh Bhóthar an Phiarsaigh agus 2 urlár in áiteanna eile i lár an bhaile.**<br>• **Seachnófar cumhdach de chineál tionsclaíoch a úsáid ar fhoirgnimh mar chuid de thograí**<br>• **Ní mór go dtabharfaidh aird i dtograí atá dírithe ar athchóiriú agus ar athdheisiú foirgneamh dúchasach ar charachtar na bhfoirgneamh atá tógtha cheana féin, radhairc agus spásanna tábhachtacha agus patrún lonnaíochta stairiúil chomh fada is a bhaineann le scála, airde, dlús, grúpáil, dearadh agus ábhair**<br>• **Beidh ráiteas dearaidh i dteannta le tograí ina sonraítear go soiléir an réasúnaíocht atá mar bhonn leis an gcoincheap agus an cur chuige dearaidh atá roghnaithe**<br>• **Beidh na treoirlínte pleanála reachtúla ar fad á gcomhlíonadh ag tograí** | |
| MA17 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú an láithreáin ar an gcéad dréachtléarscáil ar a dtugtar PR15 go dtí Forbairt Bhunaithe.** | Tá |
| MA18 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún agus | **Athraigh criosú an láithreáin ar an gcéad dréachtléarscáil ar a dtugtar Láithreán Deise 7 go dtí Láithreán Cónaithe PR9;** | Tá |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | Caibidil 11, Cuid A den phlean agus<br><br>Tábla A2, Aguisín A | **Scrios Beartas LK-OPP-P-7 agus an téacs a ghabhann leis, agus athuimhrigh na beartais a leanann é de réir mar is gá;**<br><br>**Scrios an iontráil a bhaineann leis an gcéad 'Láithreán Deise 7' ó Thábla A2 (measúnú infrastruchtúir) agus athuimhrigh na hiontrálacha a leanann í de réir mar is gá;** | |
| MA19 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún agus<br><br>Caibidil 11, Cuid A den phlean agus<br><br>Tábla A2, Aguisín A | **Athraigh criosú an láithreáin ar an gcéad dréachtléarscáil ar a dtugtar Láithreán Deise 11 go dtí Láithreán Cónaithe go Príomha PR10;**<br><br>**Scios Beartas LK-OPP-P-11 agus an téacs a ghabhann leis, agus athuimhrigh na beartais a leanann é de réir mar is gá;**<br><br>**Scrios an iontráil a bhaineann leis an gcéad 'Láithreán Deise 11' ó Thábla A2 (measúnú infrastruchtúir) agus athuimhrigh na hiontrálacha a leanann é de réir mar is gá.** | Tá |
| MA20 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú na láithreán ar an gcéad dréachtléarscáil ar a dtugtar PR9, PR10 agus PR11 go dtí páirt-Chúltaisce Cónaithe Straitéiseach / páirt-Timpeallacht Áitiúil, agus athraigh criosú ceantar na dtailte Cúltaisce Cónaithe Straitéiseach atá ó dheas de PR11 go dtí Timpeallacht Áitiúil.** | Tá |
| MA21 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú na dtailte sa Chúltaisce Cónaithe Straitéiseach atá in aice le bóthar faoisimh an iarthair go dtí Timpeallacht Áitiúil.** | Tá |
| MA22 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú an chuid ó dheas den 'Láithreán Forbartha Inbhuanaithe agus Straitéiseach ó Dheas' (i.e. an ceantar taobh ó dheas den Bhóthar Leac) go dtí Cúltaisce Cónaithe Straitéiseach (féach freisin MA14 thuas le haghaidh athruithe a bhaineann leis an insint agus le polasaithe an Phlean).** | Tá |
| MA23 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh an criosú a bhaineann le foirgnimh atá ann i mBaile Mhic Comhghail, ó Spás Oscailte go dtí Forbairt Bhunaithe.** | Tá |
| MA24 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú na dtailte ag Baile Mhic Comhghail ó, Timpeallacht Áitiúil go dtí Forbairt Bhunaithe.** | Tá |
| MA25 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú na dtailte ag Baile Raithin ó Fhostaíocht agus Tráchtáil Ghinearálta go dtí Forbairt Bhunaithe.** | Tá |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| MA26 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún and<br><br>Alt 10.6 den Phlean agus<br><br>Tábla A1, Aguisín A | **Méadaigh an t-achar talún do Láithreán Cónaithe go Príomha PR6;**<br>**Leasaigh an téacs a bhaineann le Láithreán PR6 in Alt 10.6 den phlean;**<br><br>**Leasaigh an iontráil a bhaineann le Láithreán PR6 i dTábla A1 (measúnú infrastruchtúir), mar seo a leanas –**<br><br>Dath gorm ar théacs nua, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~<br><br>**Alt 10.6**<br>**Láithreán Cónaithe go Príomha Uimh. 6:**<br>Achar Láithreáin: 24.46~~10.49~~ Ha<br>Príomhbhreithniúcháin:<br>• Ceanglófar ar fhorbróirí a bheidh ag obair ag an láithreán seo thart ar 1 heicteár de 'Láithreán Uimh. 6 atá Cónaithe go Príomha' a chur i leataobh le haghaidh páirc imeartha agus saoráidí gaolmhara.<br>• Ceanglófar ar dhearadh aon scéim chónaithe freastal ar inrochtaineacht coisithe agus rothaithe ar fud an láithreáin, go háirithe idir *Long Lane* agus *Grange Road* (L-1174-1) agus Páirc Bhaile na Bó. +<br>• Éileofar ar fhorbróirí ~~trácht feithicle atá ag dul isteach is amach a dháileadh~~ móran pointí rochtana d'fheithiclí a sholáthar don láithreán ~~trí rochtain a sholáthar~~, ~~-~~via Bóthar Dr. McGinley (L-2164-1), ~~agus~~ Bóthar na Gráinsí (L-1174-1) agus/nó Bóthar Faoisimh an Tuaidh.<br><br>**Tábla A1**<br><br>PR6 \| Infrastruchtúr Bóthair: Ar an taobh thiar theas den láithreán – Oibreacha chun socruithe rochtana/acomhal/leathnaithe bóthair a fheabhsú etc. Meastachán do \| Sraith 2 | Tá |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | <table><tr><td></td><td>220m de chosáin nua le soilsiú, draenáil agus dromchla nua a chur ar an mbóthar atá ann. Costas measta: € 220,000<br><br>Ar an taobh ó thuaidh den láithreán – Bóthar faosimh an tuaidh a sholáthar. Níl costas measta ar fáil; mionsonraí le comhaontú leis an rannóg Dearaidh Bóithre.</td><td></td></tr></table> | |
| MA27 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Áirigh píos talún laistigh de theorann an phlean agus criosaigh mar Fhorbairt Bhunaithe é.** | Tá |
| MA28 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú dhá phíosa talún ag an Bealach Dearg ó, Timpeallacht Áitiúil go dtí Forbairt Bhunaithe.** | Tá |
| MA29 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún agus<br><br>Tábla A1 Aguisín A. | **Athraigh criosú píosa talún ag Cill Tuaidh ó, Timpeallacht Áitiúil go dtí Láithreán Cónaithe go Príomha PR15;**<br><br>**Athraigh an iontráil i dTábla A1 (measúnú infrastruchtúir) mar seo a leanas -**<br><br>Dath gorm ar théacs nua, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~<br><table><tr><td>PR15</td><td>~~Tá gach seirbhís riachtanach ar fáil.~~ Socruithe rochtana le deimhniú.<br><br>Líonra dáilte uisce ar fáil sa cheantar. D'fhéadfadh síneadh ar an líonra séarachais a bheith riachtanach.</td><td>Sraith 2~~1~~</td></tr></table> | Tá |
| MA30 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú an láithreáin ar a dtugtar Láithreán Cónaithe go Príomha PR12 ar an gcéad dréachtléarscáil go dtí Forbairt Bhunaithe, agus athraigh an criosú atá ag píosa talún in aice láimhe ó, Timpeallacht Áitiúil go dtí Láithreán Cónaithe go Príomha PR12.** | Tá |

<table>
<tr><th>Tag.</th><th>Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil</th><th>Leasú Ábhartha Molta</th><th>Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl)</th></tr>
<tr><td>MA31</td><td>Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún agus<br><br>Alt 10.6 den Phlean agus<br><br>Tábla A1, Aguisin A</td><td>Athraigh criosú píosa talún ag ag Cill Chloig, ó, Timpeallach Áitiúil go dtí Láithreán Cónaithe go Príomha PR11;<br><br>Scrios an iontráil a bhaineann leis an an mbunláithreán 'PR11' ó Alt 10.6 den Phlean;<br><br>Leasaigh an iontráil a bhaineann le láithreán PR11 i dTábla A1 (measúnú infrastruchtúir) mar seo a leanas –<br>Dath gorm ar théacs nua, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~:<br><br><table><tr><td>PR11</td><td>~~Bóithre: Ní mór don fhorbróir stráice de bhóthar thionscadal Ghréasán an Deiscirt a thógáil de bhrí go dtéann sé tríd an láithreán / feadh éadanas an láithreáin.~~<br><br>~~Meastar go bhfuil 300m de SNP ag dul tríd an láithreán atá molta. Teastaíonn fada 300m agus leithead 8m chun freastal ar charrbhealach 6m agus cosán 2m agus soilsiú ar an dá thaobh mar aon le córas draenála.~~<br><br>~~Neaschostas: € 350,000~~<br><br>Is dócha go mbeidh gá le hinfrastruchtúr bóthair: Leathnú bóthair, cosáin nua, soilsiú poibliú agus draenáil. Níl costas measta ar fáil.<br><br>Níl léarscáil séarachais ar fáil don cheantar. D'fhéadfadh ceangal a bheith ar fáil tríd na forbairtí tithíochta in aice láimhe.</td></tr></table></td><td>Tá</td></tr>
<tr><td>MA32</td><td>Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún agus<br><br>Alt 10.6 den phlean</td><td>Méadaigh an t-achar atá sa Láithreán Cónaithe Go Príomha PR5 agus an leasaigh an téacs in Alt 10.6 mar seo a leanas –<br>Dath gorm ar théacs nua, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~:<br><br>Láithreán Cónaithe go Príomha Uimh. 5:<br><br>Achar Láithreáin: 14~~5~~ heicteár</td><td>Tá</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>Tag.</th><th>Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil</th><th>Leasú Ábhartha Molta</th><th>Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl)</th></tr>
<tr><td>MA33</td><td>Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún</td><td>Athraigh criosú píosa talún ag Lisnennan ó, Timpeallacht Áitiúil go dtí Forbairt Bhunaithe.</td><td>Tá</td></tr>
<tr><td>MA34</td><td>Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún agus<br><br>Tábla A1, Aguisín A</td><td>Athraigh criosú píosa talún ag Caiseal Bán ó, Timpeallacht Áitiúil go dtí Láithreán Cónaithe go Príomha 2;<br><br>Leasaigh an iontráil a bhaineann le Láithreán PR2 i dTábla A1 (Measúnú Infrastruchúir) mar seo a leanas -<br><br>Dath gorm ar théacs nua, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~<br><br><table><tr><td>PR2</td><td>~~Seirbhísí riachtanacha go léir ar fáil.~~ D'fhéadfadh ceangal uisce agus séarachais a bheith ar fáil tríd na heastáit Harmony/Meadow Hill in aice láimhe. Gá le measúnú acmhainne.<br><br>Rochtain bóthair tríd na heastáit Harmony/Meadow Hill.<br><br>Níl costas measta ar fáil</td><td>Sraith 2~~1~~</td></tr></table></td><td>Tá</td></tr>
<tr><td>MA35</td><td>Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún</td><td>Athraigh criosú píosa talún ag Ceathrú na mBogach Uachtarach, ó Fhorbairt Bhunaithe go dtí Fostaíocht agus Tráchtáil Ghinearálta .</td><td>Tá</td></tr>
<tr><td>MA36</td><td>Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún</td><td>Athraigh criosú píosa talún ag Baile Bó Ghleann Cartha, ó Spás Oscailte go dtí Fostaíocht agus Tráchtáil Ghinearálta .</td><td>Tá</td></tr>
<tr><td>MA37</td><td>Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún</td><td>Scrios an táscaire 'bóthar faoi stiúir forbróra' ón gceantar i lár an bhaile.</td><td>Tá</td></tr>
<tr><td>MA38</td><td>Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún</td><td>Cuir píosa talún ag Currach Liath laistigh den phlean teorann agus criosaigh mar Fhorbairt Bhunaithe é.</td><td>Tá</td></tr>
<tr><td>MA39</td><td>Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún</td><td>Athraigh criosú píosa talún, ó Lár an Bhaile/Campas ATU go dtí Forbairt Bhunaithe.</td><td>Tá</td></tr>
</table>

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| MA40 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú píosa talún ag Cill Chloig, ó Thimpeallacht Áitiúil go dtí Fostaíocht agus Tráchtáil Ghinearálta .** | Tá |
| MA41 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú píosa talún ag Cill Chloig, ó Spás Oscailte go dtí Fostaíocht agus Tráchtáil Ghinearálta .** | Tá |
| MA42 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú píosa talún ag Bun an Ghaoith, ó Spás Oscailte go dtí Fostaíocht agus Tráchtáil Ghinearálta .** | Tá |
| MA43 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú píosa talún ag Sallaghagrane, ó Spás Oscailte go dtí Forbairt Bhunaithe.** | Tá |
| MA44 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú píosa talún ag Baile Mhic Comhghaill ó Thimpeallacht Áitiúil go dtí Pobal agus Oideachas.** | Tá |
| MA45 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú an láithreáin ar an gcéad dréachtléarscáil ó Láithreán Cónaithe go Príomha PR2 go dtí Forbairt Bhunaithe.** | Tá |
| MA46 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú an láithreáin ar an gcéad dréachtléarscáil ó Láithreán Cónaithe go Príomha PR19 go dtí Forbairt Bhunaithe.** | Tá |
| MA47 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athraigh criosú an láithreáin ar an gcéad dréachtléarscáil ó Láithreán Cónaithe go Príomha PR21 go dtí Forbairt Bhunaithe.** | Tá |
| MA48 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Leasaigh eochair eolais an Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún ó 'LK Ceangal Glas' go dtí 'bealach taistil táscach'.** | Tá |
| MA49 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Méadaigh an ceantar Deise Láithreán 2 ag Baile Raithin agus laghdaigh Láithreán Deise 3 in aice láimhe dá réir sin.** | Tá |
| MA50 | Léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún | **Athchriosaigh píosa talún (taobh thiar de shiopa Charles Kelly, féach Léarscáil thíos) ó Lár an Bhaile go dtí Spás Oscailte** | Tá |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | |  | |
| **6 Cuid B Plean Iompair Áitiúil** | | | |
| MA51 | Caibidil 15 'Creat Beartais Iompair'.<br><br>Cuid 15.3: 'Treoir Náisiúnta' | **Cuir isteach téacs chun a léiriú conas a chomhlíonann LTP RPO 6.27:**<br>Dath gorm ar théacs nua, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta~~<br>**Féach Aguisín A ina leagtar amach téacs nua in Alt 15.3 agus an chaoi a gcomhlíonann an obair ar ullmhú an LTP RPO 3.7.32 agus RPO 6.27.** | Gan léarscáil. |
| MA52 | Caibidil 19: 'Straitéis Taistil Ghníomhaigh' le hathainmniú Caibidil 19: 'Straitéis Siúil/Coisithe'. | **Roinn ábhar Léarscáil 19.2 ó 1 léarscáil go 2 Léarscáil; i.e. Léarscáileanna 19.2A 'Líonra Siúil Beartaithe' agus 19.2B 'Líonra Rothaíochta Beartaithe' - Féach Aguisín B.** | Tá - Féach Aguisín B |
| MA53 | Caibidil 19 | **Alt nua dar teideal 'Straitéis Siúil/Coisithe Leitir Ceanainn' a chur in ionad Alt 19.3 'Measúnuithe** | Níl |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | Cuid 19.3 | **Ceantair' - Féach Aguisín B.** | |
| MA54 | Caibidil 20: 'Straitéis Bóithre Straitéiseacha' athaimnnithe go 'Straitéis Iompair Phoiblí'. (Caibidil 22 roimhe seo) | **Athbhreithnigh Léarscáil 20.1 – 'Líonraí Bus Poiblí' - Féach Aguisín C.** | Tá féach Aguisín C |
| MA55 | Caibidil 19: 'Straitéis Taistil Ghníomhach' Athainmnithe mar Chaibidil 'Straitéis Siúil/Coisithe'. | **Scrios Tábla 19.1 atá ann cheana agus cuir isteach Tábla 19.1 nua ina gcuimsítear breiseanna agus tograí uirlisí Atos, a bhfuil sé beartaithe anois iad a bheith in Alt 19.3 - Féach Aguisín D** | Níl |
| MA56 | Caibidil 19 'Straitéis Taistil Ghníomhaigh. Athainmnithe mar "Straitéis Siúil/Coisithe'.<br><br>Cuid 19.4: 'Beartais agus Cuspóirí Taistil Ghníomhaigh'. | **Cuir isteach cuspóirí nua in Alt 19.4 'mar seo a leanas (téacs nua i ndath gorm)-**<br><br>LTP-AT-0-2: Tacú le dul chun cinn agus cur i bhfeidhm 'Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040, Plean Gníomhaíochta Spás Poiblí & Ceangail agus Coincheapa Dearaidh Leitir Ceanainn agus tacú le haon chéimeanna ina dhiaidh sin den tionscadal mar a mhaoinítear faoin UUDF.<br><br>LTP-AT-0-3: Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm scéimeanna soghluaisteachta píolótacha chun taisteal ilmhódach a spreagadh agus a fhorbairt i Leitir Ceanainn.<br><br>LTP-AT-O-4: Tacú le seachadadh Líonra Rothaíochta Náisiúnta na nÚdarás Náisiúnta Iompair 'Cycle Connect' agus líonra rothaíochta fairsing a fhorbairt ar fud an chontae. | Níl |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | **Cuir isteach polasaí nua mar seo a leanas (téacs nua i ndath gorm)-**<br><br>LTP AT-P-4: Is beartas de chuid na comhairle é leanúint ar aghaidh ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun forbairt rothar leictreach amach anseo a chumasú, lena n-áirítear scútair leictreacha eile, scéim fruilithe don bhaile. | |
| MA57 | Caibidil 20: 'Straitéis Bóithre Straitéiseacha' athaimnnithe go 'Straitéis Iompair Phoiblí'. | **Cuir isteach alt 20.3 nua dar teideal 'Bearta Idirghabhála Beartaithe chun Líonra Iompair Phoiblí Lár Baile Feabhsaithe a Chur i bhFeidhm' - Féach Aguisín E.** | Níl |
| MA58 | Caibidil 21: 'Straitéis Iompair Lár an Bhaile' | **Cuir isteach Tábla 21.1 Nua dar teideal 'Nascanna Lár an Bhaile' - Féach aguisín F** | Níl |
| MA59 | Caibidil 22: 'Straitéis Iompair Phoiblí' Athainmníodh mar 'Straitéis Bóithre Straitéiseacha'.<br><br>Roinn 22.2.2: 'Bóithre Straitéiseacha'. (Nóta: Bhí an t-alt seo uimhrithe roimhe seo mar Alt 20.2 'dar teideal | **Beartais nua a chur isteach chun tacú le forbairt agus infheistíocht sa todhchaí i gconairí bóthair ilmhódacha. Alt 22.2 mar seo a leanas –**<br><br>**Beartas LTP-T-P-2:** Is beartas de chuid na comhairle é cead a thabhairt tailte a fhorbairt ó dheas de Bhóthar Ceithre Lána an N56 trí rochtain a fháil trí na hacomhail bóthair áitiúla atá ann cheana agus sin amháin nó trí acomhal feabhsaithe amháin leis an N56, in áit Bhóthar agus Achomhal an Choillín droch-ailínithe atá ann cheana. Tailte forbartha agus infhorbartha atá ann cheana ó thuaidh agus in aice le Bóthar Ceithre Lána an N56 agus nach bhfuil aon rochtain eile ar fáil ina leith cheana féin, is féidir rochtain a fháil orthu trí líon teoranta rochtainí nua clé isteach/clé amach, faoi réir shábháilteacht agus acmhainn iompair an Bhóthair Náisiúnta a bheith á cothabháil.<br><br>**Beartas LK-T-P-3:** Is beartas de chuid na comhairle é nach gceadófar tograí forbartha a éilíonn rochtain ar | Tá, féach Aguisín G |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | 'TEN-T PRIPD'.) | Bhóthar Pháirc Ghnó an N56 ach amháin sa chás go bhfuil tograí den sórt sin ag teacht le straitéis na Comhairle:<br>a. Saoráidí Taistil Ghníomhaigh nua/feabhsaithe a sholáthar feadh an N56 agus trasna an N56;<br>b. Dhá phríomh-acomhal comharthaithe nua a sholáthar agus na hacomhail agus na rochtainí atá ann cheana a chuíchóiriú chun tréscaoilteacht ar fud an N56 a chumasú d'úsáideoirí neamh-mhótair agus chun feidhm agus éifeachtúlacht fheabhsaithe ar an N56 a éascú; agus<br>c. teorainn luais laghdaithe a chur i bhfeidhm chun comhsheasmhacht a sholáthar feadh an N56 agus chun socruithe acomhail a éascú.<br><br>**Beartas T-P-4:** Is beartas de chuid na comhairle é na hacomhail atá ann cheana a chomharthú agus a chuíchóiriú, ón Polestar go dtí timpeallán na hUachtarlainne agus áiseanna Taistil Ghníomhaigh nua agus feabhsaithe a sholáthar feadh an N56 agus trasna an N56, lena n-áirítear ath-leithdháileadh féideartha spáis bóthair nuair is féidir, i gcomhar leis na hacomhail chomharthaithe.<br><br>**Beartas T-P-5:** Is beartas de chuid na comhairle é:<br>a. áiseanna nua/feabhsaithe Taistil Ghníomhaigh a sholáthar feadh an N56 agus trasna an N56 ó Thimpeallán Chnoc na Móna an N56 a shíneann go barr an tSléibhe, chun nascacht agus tréscaoilteacht a fheabhsú do choisithe agus do rothaithe.<br>b. acomhail agus rochtainí atá ann cheana a chuíchóiriú trí Phríomh-Acomhail nua a sholáthar chun sábháilteacht, nascacht, tréscaoilteacht, feidhm agus éifeachtúlacht na coda seo den N56 a fheabhsú do gach úsáideoir bóthair. | |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| MA60 | Caibidil 21<br>Cuid 21.4 | **Leasaigh beartas LK-TC-P-1 mar seo a leanas (téacs nua i ndath gorm)**<br><br>**Polasaí LTP-TC-P-1:** Is beartas de chuid na Comhairle é tacú le prionsabal na bpleananna agus na n-idirghabhálacha iompair inbhuanaithe seo a leanas i Lár an Bhaile mar a shainaithnítear i Straitéis Athnuachana agus Plean Iompair Áitiúil Leitir Ceanainn 2040:<br><br>a. seachadadh an 'Phlean Gníomhaíochta um Cheangail agus Spás Poiblí' agus aird ar leith á tabhairt ar Cheangail Lár an Bhaile mar atá leagtha amach in Ailt 21.2, uimhreacha 1-22.<br>b. forbairt Mol Iompair/acomhal atá suite go lárnach;<br>c. líonra na mbealaí siúil agus rothaíochta agus bearta tosaíochta iompair phoiblí a fhorbairt, lena n-áirítear na conairí is gá chun críocha den sórt sin a nascann le líonra na scéimeanna ar fud an bhaile a chaomhnú;<br>d. ath-leithdháileadh spás bóthair agus trasbhealaí chun conairí tosaíochta do choisithe agus do rothaithe a fhorbairt;<br>e. ath-leithdháileadh conairí bóthair agus trasbhealaí ar mhaithe le bearta tosaíochta bus a fhorbairt.<br><br>**Féach Aguisín F le haghaidh tábla ina sonraítear ceangail lár baile (tábla le háireamh in Alt 21.2)** | Níl |
| MA61 | Caibidil 20<br>Alt 20.3 | **Beartas LTP-PT-P-1 a leasú mar seo a leanas (Dath nua i ndath gorm, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~)**<br><br>**LTP-PT-P-1:** Is é beartas na comhairle ná:<br><br>a) Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú leis an NTA agus leis na páirtithe leasmhara eile go léir chun soláthar seirbhísí iompair phoiblí nua agus na hidirghabhálacha fisiciúla riachtanacha a fhorbairt a chumasaíonn leathnú sheirbhís iompair phoiblí Leitir Ceanainn, chun seirbhís bus iompair phoiblí éifeachtúil, rialta, éifeachtach agus inléite a sholáthar chun freastal ar riachtanais an bhaile<br><br>b) Seirbhís a sholáthar a nascfaidh bunphointí agus cinn scríbe ar fud an bhaile lena n-áirítear áiteanna | Féach Aguisín H le haghaidh Léarscáil Sráidbhailte Satailíte Páirceála agus Roinnte. |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | cónaithe, oideachais, saoráidí cúram sláinte, fostaíocht agus an Mol Iompair ilmhódach amach anseo, trí sheirbhís bus áitiúil.<br><br>c) Tacú le bonneagar tosaíochta bus go háirithe i lár an bhaile trí líonra bóithre a shainaithint chun bóithre agus lánaí Tosaíochta Bus a fhorbairt.<br><br>d) Ionaid oiriúnacha a aithint chun 'Moil Páirceála agus Roinnte/Taistil' a fhorbairt atá suite laistigh de líonra sráidbhailte straitéiseacha Satailíte (a shainaithnítear ach gan a bheith teoranta dóibh siúd ar Léarscáil dar teideal 'Sráidbhailte Satailíte mar Mhoil Páirceála agus Taistil') a bhfreastalaíonn bealaí agus soláthraithe iompair phoiblí éifeachtúla agus éifeachtacha orthu amhail 'Éire a Nascadh' agus 'Nasc Áitiúil'.<br><br>e) Bonneagar nua tacaíochta iompair phoiblí a sholáthar i lár Bhaile Leitir Ceanainn chun stadanna bus, bonneagar foscadh lena n-áirítear faisnéis fíor-ama do phaisinéirí, bonneagar luchtaire modhanna leictreacha, páirceáil rothar, agus fruiliú rothar/scútar leictreach a chur ar fáil ach gan a bheith teoranta dóibh.<br><br>f) Tacú le seachadadh na mbeart idirghabhála iompair phoiblí atá beartaithe atá liostaithe in alt 20.3.<br><br>~~d) Bonneagar nua scáthláin bus a sholáthar lena n-áirítear faisnéis fíor-ama do phaisinéirí.~~ | |
| MA62 | Caibidil 21<br>Cuid 21.4 | **Leasaigh cuspóirí LTP-TC-O-1, LTP-T-0-2 agus LTP-TC-0-3 mar seo a leanas (Téacs nua i ndath gorm, téacs scriosta i ~~ndearg agus scriosta amach~~)**<br><br>**21.4 Cuspóirí agus Beartais Straitéise Lár an Bhaile:**<br><br>**LTP-TC-0-1:** Mol iompair réigiúnach ilfheidhmeach atá suite go lárnach a sheachadadh a fhreastalaíonn ar Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall agus an réigiún níos leithne.<br><br>**LTP-TC-0-2:** Baile dinimiciúil, ~~nasctha agus~~ inrochtana a chruthú, daingnithe ag mol iompair áitiúil atá suite go lárnach, a bhfreastalaíonn líonra lár agus baile ar fud an bhonneagair ilmhódaigh air a sholáthraíonn | Níl |

| Tag. | Caibidil/Alt i nDréachtphlean Leitir Ceanainn & Plean Iompair Áitiúil | Leasú Ábhartha Molta | Léarscáil ag gabháil leis (Tá/ Níl) |
|---|---|---|---|
| | | nascacht agus a chumasaíonn aistriú idirthréimhseach chuig iompar poiblí, siúl agus rothaíocht.<br><br>**LTP-TC-0-3:** Tacú le prionsabal, ~~na dtionscadal seo a leanas agus bearta láidre Taisteal Gníomhach a ionchorprú iontu:~~ straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena n-áirítear na doiciméid agus na pleananna gaolmhara go léir lena n-áirítear na moltaí atá liostaithe sa Phlean Gníomhaíochta Spás Poiblí & Ceangail.<br><br>• ~~An tSráid Mhór Uachtarach agus Íochtarach - Beocht a chruthú in An tSráid Mhór trí athchóiriú, athfhorbairt agus níos mó úsáide agus forbairt réadmhaoin atá tógtha cheana féin, mar aon le spás poiblí cathartha nua a chruthú.~~<br>• ~~*Port Road* agus Bóthar an Phiarsaigh - An dá phríomhbhealach artaireacha straitéiseacha seo a athrú go dtí 'Búlbhaird' lár an bhaile le comhtháthú, inrochtaineacht agus treochomharthaíocht shoiléir.~~<br>• ~~Cearnóg agus Mol an Bhaile - Spás cathartha nua mór a bhunú mar chroílár an Bhaile a chuirfidh leis an gCearnóg Mhargaidh atá ann cheana féin agus d'fhéadfaí an spás nua seo a bhunú ar Bhóthar an Phiarsaigh.~~<br>• ~~Tionscadal Nasc Glas Leitir Ceanainn atá sainaitheanta ar an Mapa Criosaithe Talamhúsáide mar bhealach 'Taisteal Gníomhach Táscach'.~~<br>• ~~Bealach Loch Súilí atá suite feadh na Súilí.~~ | |

# AGUISÍNÍ

## AGUISÍN A – PRIONSABAIL ABTA

### 15.3 Treoir Náisiúnta

**Measúnú Iompair Ceantarbhunaithe (ABTA).**
Leagtar amach sa treoir Náisiúnta seo, a d'ullmhaigh an ÚNI agus BIÉ araon, cur chuige céim ar chéim (féach Fíor 15.1 thíos) maidir le beartas agus idirghabhálacha iompair áitiúla a mheasúnú agus a fhorbairt.

Bhí uirlis ATOS an ÚNI in éineacht le córais GIS na gcomhairlí a úsáid lárnach maidir le líonraí módúla a aithint agus cá háit agus conas is gá feabhsúcháin chun líonra nasctha agus feidhmiúil a chruthú laistigh den bhaile, de réir céimeanna 'Nua' agus 'feabhsaithe' in ordlathas idirghabhálacha NIFTI mar atá thíos.


Leagtar amach san achoimre seo a leanas céimeanna phróiseas treorach ABTA agus a chur i bhfeidhm mar chuid den Phlean Iompair agus den phróiseas déanta Plean Limistéir Áitiúil. Tá cúnamh ar fáil go héasca ón ÚNI. Tá na céimeanna arna nglacadh i gcomhréir le Treoir ABTA. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird, áfach, gur dearadh an nóta treorach 'ABTA' mar threoirphlean chun na pleananna straitéiseacha agus tábhachtacha seo a ullmhú agus na ceantair chathrach á gcur san áireamh agus mar sin cuireadh é seo san áireamh le linn ullmhú (intí) an phlean iompair Áitiúil seo do lárionad Réigiúnach Leitir Ceanainn.

| **CUID 1 – Measúnú Bunlíne ar Limistéar an Phlean agus ar an gCeantar Máguaird:** |
|---|
| • 'Páipéar Seasaimh' mionsonraithe agus cuimsitheach Leitir Ceanainn a ullmhú – leagtar amach saincheisteanna mionsonraithe laistigh den réimse staidéir aitheanta:<br>1. Socheacnamaíoch;<br>2. Straitéiseach/Geografach;<br>3. Bonneagar Fisiceach;<br>4. Easpa roghanna malartacha /éileamh íseal ar sheirbhís bus an bhaile/easpa roghanna inbhuanaithe nó ilmhódacha mar roghanna malartacha. |
| • Próisis an Phlean Ceantair Áitiúil agus an Phlean Iompair Áitiúil a chur le chéile: LTP & LAP – Ag obair in éineacht le hullmhú an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil. Comhlántacht maidir le huaillmhianta fáis Réigiúnaigh, agus réamh-mheastacháin mhéadaithe daonra. Comhlánaíonn criosuithe úsáide talún agus forbairt líonra sa todhchaí ar fud gach modh a chéile. |
| • Chuir sonraí Powscar an CSO arna soláthar ag NTA an leibhéal mionsonraí seo ar chumas faisnéis GIS a bhaineann as an limistéar staidéir bunáiteanna agus cinn scríbe, príomhlimistéir chónaithe an bhaile, limistéir shuntasacha fostaíochta, Scoileanna agus miondíol lárnach a aithint. |
| • Bogearraí ATOS (Rochtain ar Dheiseanna agus ar Sheirbhísí (ATOS)) a úsáid chun nascacht agus feabhsúcháin tréscaoilteachta a shainaithint agus chun idirghabhálacha nua a dhéanamh ar an líonra siúil atá ann cheana laistigh den bhaile. |
| **CUID 2 – Comhthéacs a bhunú don ABTA:** |


| | |
|---|---|
| • Tuilleadh oibre a dhéanamh ar pháipéar seasaimh ag 1 thuas – Grúpa inmheánach oibre DCC bunaithe leis an bhfoireann Bóithre Ceantair agus Deartha Bóithre. | |
| • Teagmháil le clár An Taisce agus Scoileanna Glasa. | |
| • Teagmháil leanúnach leis an Údarás Náisiúnta Iompair. | |
| • Teagmháil le comhaltaí tofa Áitiúla | |
| • Comhthéacs áitiúil Leitir Ceanainn | 1. Cothroime réigiúnach;<br>2. Réigiún na Cathrach Thiar Thuaidh;<br>3. Uaillmhianta fáis Straitéisigh LK – ionad fáis réigiúnach;<br>4. Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh;<br>5. Straitéis Athghiniúna LC 2040;<br>6. Maoiniú Taistil Ghníomhach ÚNI. |
| **CUID 3 – Measúnú Próisis / Roghanna ABTA:** | |
| • Grúpa oibre inmheánach – sainaithníodh ceantair a bhfuil gá le feabhsúchán agus idirghabháil nua ar bhonn na hoibre a cuireadh i gcrích ag céimeanna níos luaithe sa phróiseas i.e. bunphointí agus cinn scríbe, scoileanna, fostóirí suntasacha (lár an Bhaile, ATU & LUH). Faisnéis faoi uirlis ATOS a imscaradh. | |
| • Idirghabhálacha a sholáthar ar fud gach líonra siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí. Tréscaoilteacht áitiúil, scéimeanna feabhsúcháin agus idirghabhálacha nua chun líonra nasctha a chinntiú ar fud an bhaile a nascann bunphointí agus cinn scríbe. | |
| • Tograí a rinneadh in éineacht le haschuir tionscadail Straitéis Athghiniúna 2040 maidir le bonneagar siúil agus rothaíochta (Taisteal gníomhach), spás bóthair a ath-leithdháileadh, búlbhaird lár baile, mol iompair ilmhódach, conair iompair phoiblí a chruthú. | |
| • Fostaíodh comhairleoirí Atkins chun idirghabhálacha agus measúnú beartaithe a mheas trí phróiseas measúnaithe tosaigh tríd an Chreat measúnaithe ilchritéar (MCAF). | |
| • Rannpháirtíocht agus plé leis an ÚNI – conas an tseirbhís bus baile atá ann cheana a fheabhsú. D'aithin an ÚNI bealaí féideartha amach anseo agus aird chuí á tabhairt ar shuíomh scoileanna, ar bhunphointí agus ar chinn scríbe. Bealaí le haithint i bplean iompair áitiúil chun uaillmhianta amach anseo a aithint d'fhonn soláthar iompair phoiblí na mBailte a fheabhsú. | |
| **Céim 1 (Macra) – TUISCINT 'MHÓRPHICTIÚIR' A BHUNÚ AR AN TORADH A BHFUILTEAR AG SÚIL LEIS:** Anailís tiomsaithe ar roinnt ceantar sainaitheanta (cur síos tugtha ar gach ceantar) den bhaile. Measúnú reatha agus measúnú a bhfuiltear ag súil leis amach anseo a sholáthar ar an gcaoi a bhfeidhmeodh an limistéar áirithe sin le hidirghabhálacha nua maidir le siúl agus rothaíocht. Comhairliúchán leanúnach leis an ngrúpa oibre. | |

## AGUISÍN B – 2. LÉARSCÁILEANNA NUA LÍONRAÍ SIÚIL AGUS ROTHAÍOCHTA

### Léarscáil 19.2A



# LÉARSCÁIL 19.2B



## 19.3 Straitéis Siúil/Coisithe Leitir Ceanainn


Is é an Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn (NIFTI) creat Straitéiseach na Roinne Iompair maidir le hinfheistíocht agus cinnteoireacht in iompar talún amach anseo. Treoraíonn sé infheistíocht iompair sna blianta amach romhainn chun an Creat Náisiúnta Pleanála a chumasú, tacú leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus torthaí dearfacha sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha a chur chun cinn ar fud na hÉireann.


Leagann NIFTI amach ordlathas módúil na n-úsáideoirí bóthair in Éirinn mar seo a leanas;

1. Taisteal Gníomhach (Siúl & Rothaíocht);
2. Iompar Poiblí;
3. Feithiclí Príobháideacha.

Tugann NIFTI breac-chuntas freisin ar ordlathas idirghabhála:

1. Coinneáil;
2. Barrfheabhsú;
3. Feabhsú;
4. Nua, go léir leagtha amach de réir na bhfigiúirí thíos [3].





Tá sé mar aidhm ag cuspóir agus uaillmhian fhadtéarmach na straitéise Siúil laistigh den chaibidil seo feabhas suntasach a chur ar an tairiscint atá ann cheana trí rogha(nna) ilmhódach(a) nua a fheabhsú agus a chruthú do Leitir Ceanainn, rud a chruthaíonn níos mó rogha soghluaisteachta. Ní eisiann an cur chuige seo úsáid an chairr phríobháidigh go hiomlán ach féachann sé le modhanna inbhuanaithe a spreagadh chun feabhsuithe a dhéanamh ar an líonra/na líonraí atá ann cheana agus, i gcás inar gá, idirghabhálacha nua a chruthú de réir chéimeanna 3 agus 4 d'ordlathas NIFTI chun sochaí ilmhódach a spreagadh. Cuirfidh an 'rogha' seo roghanna soghluaisteachta ar fáil a dhíríonn ar 'mhodhanna inbhuanaithe' agus a thugann tús áite dóibh trí bhuntáiste iomaíoch a chruthú thar a chéile.

**Tugann na míreanna agus na léaráidí seo a leanas forbhreathnú ar chuspóir agus ar uaillmhian chomhchoiteann na scéimeanna siúil atá beartaithe mar chuid den phlean seo le haghaidh forbartha ar feadh shaolré an phlean seo.** Cuirtear na scéimeanna i láthair sa chuid seo i dtéarmaí an mhodha 'Siúil' agus léiríonn siad an gréásán reatha atá ann i gcomhthéacs an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar an líonra amach anseo faoi réir fhorbairt na scéimeanna Siúil atá beartaithe.

---

[3] An Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn (NIFTI), An Roinn Iompair.

# Origins and Destinations




23/03/2023, 07:15:15

1:36,112

0 0.17 0.35 0.7 mi

0 0.28 0.55 1.1 km

Revised ATOS Models - Supermarkets

Revised ATOS Models -Primary Schools

Revised ATOS Models - Post - Primary School

Revised ATOS Models - Donegal_Parks

Revised ATOS Models - General Employment

Map data © OpenStreetMap contributors, Microsoft, Facebook, Inc. and its affiliates, Esri Community Maps contributors, Map layer by Esri

ArcGIS Web AppBuilder

Map data © OpenStreetMap contributors, Microsoft, Facebook, Inc. and its affiliates, Esri Community Maps contributors, Map layer by Esri |

**LÉARSCÁIL 19.3 : Baile, Bunphointe agus Cinn Scríbe Leitir Ceanainn (NTA,ATOS).**

Tá forbairt na Straitéise seo bunaithe den chuid is mó agus go ríluachmhar ar an bhfaisnéis atá ar fáil ó uirlis bhogearraí 'Rochtain ar Dheiseanna agus ar Sheirbhísí' (ATOS) an Údaráis Náisiúnta Iompair. Úsáideadh an uirlis seo chun leibhéil reatha iniomparthachta, rochtana agus tréscaoilteachta a léiriú do phríomh-chinn scríbe laistigh den bhaile. Reáchtáladh an tsamhail seo chun an líonra reatha a léiriú agus ansin ath-reáchtáladh í chun an tionchar a bheidh ag feabhsuithe beartaithe agus idirghabhálacha nua ar an líonra a léiriú. Bainfear na hidirghabhálacha sin amach tríd an scéim/na scéimeanna siúil (idirghabhálacha) a mholtar mar chuid den phlean seo a fhorbairt. Féach tábla 19.1 thuas in alt 19B.2.

Is iad na paraiméadair tionscnaimh agus cinn scríbe a chuirtear i láthair in ATOS ná Páirceanna, Scoileanna, Fostaíocht agus Ollmhargaí. Tugann an léarscáil seo a leanas pictiúr leathan de na bunús agus na cinn scríbe a aibhsítear ar an léarscáil agus ar an líonra reatha mar a dhíorthaítear ó uirlis ATOS. Léiríonn na deilbhíní raon leathan áiteanna fostaíochta, scoileanna, páirceanna agus ollmhargaí ar fud an bhaile mar atá le feiceáil i Léarscáil 19.3 thuas.

*Déantar cur síos sa Straitéis Siúil a chuirtear i láthair sa chuid seo a leanas mar aon leis na léarscáileanna a ghabhann léi agus i dTábla 19.1 thíos ar an líonra siúil atá ann cheana laistigh den bhaile, agus leagtar amach inti na tograí le haghaidh feabhsuithe agus idirghabhálacha/breisithe nua chun líonra siúil cuimsitheach amach anseo a chruthú bunaithe ar phrionsabail NIFTI mar atá leagtha amach thuas mar phointí 3&4 ar an ordlathas idirghabhála thuas. Leagtar amach sa tábla thíos na scéimeanna agus na hidirghabhálacha atá beartaithe:*

**Tábla 19.1 : Tiomsú na n-idirghabhálacha ilmhódacha go léir i lár an bhaile agus ar fud an bhaile, comhdhéanta de scéimeanna atá ar siúl faoi láthair, scéimeanna maoinithe, beartaithe agus scéimeanna amach anseo:**

| **Tábla:**<br><br>**Uimh. na Scéime ar an léarscáil** | **Láthair** |
|---|---|
| **S.1*** | Bóthar Ard – Feabhsuithe ar an líonra. |
| **S.2*** | Bóthar Ghleann Cartha – feabhsuithe ar an líonra. |
| **S.3*** | Bóthar Chúil na Gaoithe – feabhsuithe ar an líonra. |
| **S.4*** | Cuarbhóthar – feabhsuithe ar an líonra. |
| **S.5*** | Bóthar Chill Mhic Réanáin/De Valera/Gort Laoi – feabhsuithe ar an líonra. |
| **S.6*** | Bóthar Bhaile Raithin/Ghort Laoi/Bóthar Old Farm – feabhsuithe ar an líonra. |
| **S.7*** | Baile Mhic Comhghaill & An Seanbhaile. |
| **S.8*** | Bóthar an Chlochair (ón gCuarbhóthar go dtí an t-acomhal le hardán |

| | |
|---|---|
| | Bhaile Mhic Comhghaill). |
| **S.9*** | Port Road – Búlbhaird lár an bhaile a fheabhsú. |
| **S.10*** | Bóthar an Phiarsaigh – Búlbhaird i lár an bhaile a fheabhsú. |
| **S.11*** | Bóthar Neil T Blaney – Búlbhaird lár an bhaile a fheabhsú. |
| **S.12*** | Long Lane go Bóthar Chill Mhic Réanáin via Coláiste Aireagail – ceangail trécaoilteachta |
| **S.13*** | Long Lane – Windyhall/ Coláiste Aireagail – ceangail tréscaoilteachta |
| **S.14*** | Long Lane tríd go dtí Fairgreen Park, Feirm 'Paddy Kelly' agus isteach go Gleann Cartha – ceangail tréscaoilteachta |
| **S.15*** | Timpeallán Chnoc na Móna go dtí Timpeallán an Ospidéil – feabhsuithe ar an líonra. |
| **S.16*** | Nasc ó iarshuíomh Oatfield go dtí an Bóthar Ard – ceangail tréscaoilteachta. |
| **S.17*** | Nasc ó Bhóthar Ráth Mealtain trí LYIT go dtí Port Road – ceangail tréscaoilteachta. |
| **S.18*** | Nasc trí thalamh oscailte ó ionad siopadóireachta Tesco go Bóthar De Valera – ceantail tréscaoilteachta. |
| **S.19**<br><br>**(Díortha ó uirlis ATOS)** | Gaelscoil Adhamhnáin, Glen Cartha – ceangail tréscaoilteachta. |
| **S.20*** | Nasc ó Pháirc Glenwood agus ar Bhóthar na Líne Nua – ceangail tréscaoilteachta. |
| **S.21*** | Lios Naíonán i dtreo Thiar Theas ag nascadh trí thailte Fostaíochta le Bóthar na Páirce Gnó. |
| | |
| **S.22** | Tréscaoilteachta ag nascadh Forbairt tithíochta Beinn Aoibheann isteach san IDA agus soir. |
| **S.23** | 2 uimh. Crosaire coisithe comharthaithe ar éilimh ar Bhóthar na Páirce Gnó |

| Idirghabhálacha, Ceangail agus Tograí i Lár an Bhaile:<br><br>Léirítear na scéimeanna atá liostaithe 24 -31 ar Léarscáil xx thíos. | |
|---|---|
| **S.24** | Ceangal Glas Leitir Ceanainn, (Céim 1 críochnaithe Aibreán 2023). |
| **S.25** | Mol Iompair Ilmhódach agus conair iompair phoiblí. |
| **S.26** | Ceangail agus scéimeanna tréscaoilteachta ar fud lár an Bhaile (1-22 atá sa Phlean Gníomhaíochta Spás Poiblí & Ceangail). |
| **S.27** | Glasbhealach Straitéiseach Ailt an Chorráin - Leitir Ceanainn. |
| **S.28** | Bonneagar Ilmhódach feadh scéim líonra an Deiscirt. Faoi láthair ag Céim 2 de PMG BIÉ. Lena n-áirítear droichead coisithe ag trasnú ó chomharsanacht an tSeanbhaile go Lár an Bhaile. |
| **S.29** | Bonneagar ilmhódach ar charrbhealach 4 lána lena n-áirítear "Mo(i)l módúil Páirceála agus Roinnte". |
| **S.30** | Bealach siúil Abhainn Súilí. |
| **S.31** | Páirc Bhogaigh Uirbeach. |
| | |


**Freagraíonn an tábla thuas agus an léarscáil thíos dá chéile do scéimeanna 1-23. Tagraíonn na scéimeanna eile atá liostaithe sa Tábla thuas d'idirghabhálacha lár Baile agus tá siad mionsonraithe i gCaibidil 21.**

Tá scéimeanna a shainaithnítear i dTábla 19.1 thuas san áireamh sa Straitéis Líonra Siúil agus trí Lár an Bhaile sa Phlean Gníomhaíochta Spás Poiblí & Ceangail agus rinneadh measúnú roimhe seo orthu siúd a bhfuil * curtha in iúl dóibh faoi **phróiseas Creata Anailíse Ilchritéar (MCAF)** chun bonn fianaise ardleibhéil a sholáthar d'fhorbairt aon scéime/scéimeanna den sórt sin, agus/nó tá siad ag dul ar aghaidh faoi láthair trí chéimeanna mionsonraithe dearaidh an phróisis mhaoinithe ag Comhghleacaithe dearaidh Bóithre i Roinn Taistil Ghníomhach deartha Bóithre na gcomhairlí.

Tá sonraí iomlána **na measúnachtaí MCAF** le fáil in Aguisín D. Beidh gá le hanailís agus dearadh mionsonraithe de réir mar a fhorbraítear gach tionscadal. Rinneadh measúnú ar na scéimeanna go léir de réir na gcritéar seo a leanas: *Inrochtaineacht, Inoiriúnaitheacht, Tarraingteacht, Comhleanúnachas, Compord, Inseachadtacht, Díreach, Sábháilteacht, Socheacnamaíoch* agus rátáil dá réir.

Tá feabhas mór tagtha ar choinníollacha sa cheantar seo mar gheall ar**Scéim Uimh. 8** feadh an líonra atá ann faoi láthair ar Bhóthar an Chlochair agus ar an bpróiseas toilithe CUID 8 a cuireadh i gcrích le déanaí le haghaidh córas aon-bhealach agus scéim sábháilteachta i mbraisle na scoileanna agus timpeall uirthi. Tá bealaí níos sábháilte anois chuig na 4 scoil, tá áiseanna páirceála agus siúil ar fáil, agus tá líonraí siúil agus rothaíochta feabhsaithe go mór chuig comharsanachtaí áitiúla. Tá Cuid 8 lánchríochnaithe mar thoradh ar Oifigeach Sábháilteachta Bóithre na gcomhairlí agus Innealtóirí Sábháilteachta Bóithre a bheith ag obair in éineacht agus i gcomhairle leis na Scoileanna Glasa áitiúla sa cheantar seo.

Map showing permeability and network improvements





**Líonraí Siúil: Taobh ó Thiar den Bhaile**


Aithníonn Léarscáil 19.3 braisle scoileanna atá suite ar an **Taobh Thiar** den bhaile agus timpeall air i gcomharsanacht Bhóthar an Chlochair (ón gCuarbhóthar go dtí an t-acomhal ag ardán Bhaile Mhic Comhghaill). Freastalaíonn an bóthar seo ar líon suntasach cinn scríbe tábhachtacha laistigh den bhaile agus 5 scoil chomh maith le céatadán ard de dhaonra na mbailte. Cé go dtabharfaidh maoiniú taistil ghníomhaigh aghaidh ar chuid de na príomhbhuarthaí bunúsacha sábháilteachta tráchta gar do na scoileanna agus mar thoradh air sin cuirfear béim ar aistriú modha chuig siúl agus rothaíocht nó scútar chun na scoile, tá fócas sainoiriúnaithe ar leith ag teastáil ó bhonneagar le haghaidh siúl (agus rothaíocht) ó bhunáiteanna cónaithe an tuaiscirt go dtí na scoileanna agus i lár an bhaile trí scéimeanna siúil beartaithe a chur i bhfeidhm.

**Líonra Siúil Feabhsaithe Beartaithe san Iarthrar:**

D'aithin uirlis ATOS réimse forbartha cónaithe atá tadhlach le Gaelscoil Adhamháin mar cheangal féideartha tréscaoilteachta tag **S.19.** D'eascair an ceangal tréscaoilteachta seo as an tsamhail seo mar bhealach chun leas a bhaint as tréscaoilteacht áitiúil do theaghlaigh agus do leanaí scoile atá ag freastal ar an mbunscoil seo in aice láimhe trí mhianlíne a chruthú agus am siúil agus rothaíochta ó réadmhaoine cónaithe in aice láimhe a laghdú.
Léiríonn an chéad rith samhail agus an dara athrith samhail conas a chruthóidh an idirghabháil bheag tréscaoilteachta seo inrochtaineacht níos leithne ar an mbunscoil áitiúil i Léarscáileanna 19.4 agus 19.5 thíos. Aithníonn an ciorclán dubh an limistéar céanna agus taispeánann léarscáil amháin an leibhéal laghdaithe tréscaoilteachta agus léiríonn an 2ú léarscáil feabhas tar éis an modhnú beag ar theorainn atá ann cheana a chur i bhfeidhm. Léiríonn an méadú i ndearg agus buí an leibhéal is airde rochtana agus nascachta.





Léarscáil 19.4 : Tréscaoilteacht Scoile Reatha.




Léarscáil 19.5 Tréscaoilteacht Fheabhsaithe ag Gaelscoil Adhamháin

**Líonra Siúil: Ó Thuaidh agus Siar ó Thuaidh den Bhaile:**

Sa cheantar **Ó Thuaidh agus Siar Ó Thuaidh** den bhaile tá na comharsanachtaí cónaithe a bhfuil daonra ard iontu agus atá seanbhunaithe, is iad sin Gleann Cartha Gaelach agus agus Gleann Cartha Albanach, a bhfreastalaíonn bóithre na Gráinsí agus Ghleann Cartha orthu, agus tá scéimeanna beartaithe i gceantair Halla na Gaoithe agus an Chuarbhóthair. Tá an líon is airde




maoine cónaithe sa chuid seo den bhaile (thart ar 3,000) agus dá bhrí sin is bunáit, ceann scríbe agus gineadóir turais suntasach é. Mar a fheictear ón bpíchairt, is é an carr príobháideach a dhéanann an céatadán is airde de thurais an chónaitheora (CSO, 2016). Tá an patrún spásúil forbartha sa cheantar seo scaipthe agus gan ceangail nó mianlínte inmheánacha tréscaoilteacha do choisithe idir eastáit tithíochta cónaithe, go háirithe i gceantair Ghleann Cartha Albanach agus Gaelach. Den chuid is mó mar gheall ar dhearadh na bhforbairtí tithíochta seo ina bhfuil cul-de- sac agus gan tréscaoilteacht inmheánach.

Ciallaíonn topagrafaíocht áitiúil agus airde an cheantair seo agus an gharthimpeallacht go bhfuil sé níos fabhraí siúl síos an cnoc ná siúl ar an turas fillte, agus modh iompair inbhuanaithe a úsáid seachas iompar poiblí. Ní chuidíonn an timpeallacht áitiúil ach an oiread le gluaiseacht an daonra ón gcuid seo den bhaile trí shiúl/taisteal gníomhach mar gheall ar an easpa soláthair líonra atá ann faoi láthair agus dá bhrí sin tá an bonneagar bóthair atá ann cheana easnamhach ó thaobh sábháilteachta, compoird agus tarraingteachta d'úsáideoirí taistil ghníomhaigh ionchasacha.


**Feabhsuithe Beartaithe ar an Líonra Siúil:**

Léiríonn Léarscáil 19.6 thíos na scéimeanna siúil atá beartaithe (oiriúnach don rothaíocht freisin) atá suite sa chuid seo den bhaile a oibreoidh le chéile chun líonra feabhsaithe a chruthú le haghaidh siúil.

Tá na limistéir chónaithe seanbhunaithe atá suite ó dheas ó cheantar Ghleann Cartha laistigh d'fhorbairtí feadh bhóthar an Dr. McGinley agus atá taobh leis an gCuarbhóthar ó dheas ag freastal go maith ar réimse poiblí trí Pháirc Bhaile na Bó. Léiríonn an léarscáil ATOS thíos go soiléir inrochtaineacht pháirc Bhaile na Bó ar cheantair chónaithe máguaird.

Léiríonn Léarscáil 19.6 freisin cé chomh cóngarach is atá an ceantar seo den bhaile do na scoileanna áitiúla, d'ospidéal Ollscoil Leitir Ceanainn (LUH), do pháirc Bhaile Bernard Mc Glinchey, agus do lár an Bhaile trí bhóthar an Chlochair agus Bóthar Ard agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach aistriú modha a ghníomhachtú ón gcomharsanacht mhór seo go modhanna inbhuanaithe.

## Network Improvements in NW of the Town.




23/03/2023, 15:55:00

1:18,056

0 0.07 0.15 0.3 mi

0 0.13 0.25 0.5 km

- Regional Transport Hub
- Town Centre Permeability
- Potential Public Transport Corridor
- Local Permeability
- Strategic Road Schemes
- Proposed Interconnecting Routes
- Proposed Permeability

Map data © OpenStreetMap contributors, Microsoft, Facebook, Inc. and its affiliates, Esri Community Maps contributors, Map layer by Esri


ArcGIS Web AppBuilder
Map data © OpenStreetMap contributors, Microsoft, Facebook, Inc. and its affiliates, Esri Community Maps contributors, Map layer by Esri |

**Líonra Siúil: Ó Thuaidh agus Soir ó Thuaidh den Bhaile:**

Tagraíonn an scéal agus na léarscáileanna thíos do na scéimeanna siúil atá beartaithe don Taobh ó Thuaidh agus Siar Ó Thuaidh den bhaile i dtéarmaí conas, in éineacht le sainaithint bealaí féideartha iompair poiblí sa Straitéis Iompair Phoiblí, líonra siúil nasctha nua agus feabhsaithe a chruthú.

Tá sé mar aidhm ag scéim uimhir 1 ar an mBóthar Ard leanúnachas cosáin a fheabhsú agus a chruthú i gcás ina bhfuil bearnaí ann faoi láthair ar feadh codanna beaga den líonra atá ann cheana ar an taobh theas den bhóthar seo. Feidhmíonn Bóthar Ard mar phríomhbhóthar artaireach do choisithe agus do thiománaithe ar imeall thoir thuaidh lár an bhaile. Cuirfidh an scéim feabhsuithe agus leanúnachas ar fáil sa líonra cosán a fhreastalaíonn ar cheantair chónaithe agus a nascann níos fearr le siopaí áitiúla, le hOspidéal Ollscoile Leitir Ceanainn agus a sholáthraíonn tuilleadh ceangail leis an gCuarbhóthar go dtí an tIarthuaisceart, Cnoc De Valera soir agus ó thuaidh de pháirc bhaile Bernard Mc Glinchey.

Cruthóidh Scéim Uimh. 2 atá suite ar Bhóthar Ghleann Cartha (Gleann Cartha Albanach & Gaelach) bealach siúil ar líne níos sábháilte a fhreastalóidh ar dhobharcheantar suntasach cónaithe sa cheantar máguaird. Mar a luadh cheana, tá níos mó ná 3,000 réadmhaoin chónaithe i nGleann Cartha agus sa cheantar máguaird. Léiríonn torthaí an chomhairliúcháin phoiblí réamhdhréachta spéis mhór i leas a bhaint as taisteal gníomhach faoi réir bonneagar tiomnaithe a fhorbairt le haghaidh siúil agus rothaíochta agus dúirt 58% gur dócha go siúlfaidís nó go rachadh siad ag rothaíocht i gcomparáid le 6% agus 1% de na freagróirí a shiúlann nó a rothaíonn faoi láthair. Féach figiúr xx thíos




Mar thoradh ar an méid atá beartaithe amach anseo bheadh bealach siúil níos sábháilte, níos comhleanúnaí, níos dírí agus níos tarraingtí ann dóibh siúd nach mbeadh ag smaoineamh roimhe seo ar mhodh inbhuanaithe a úsáid óna mbunáit chónaithe go dtí a bpríomhcheann scríbe.

Mar a luadh thuas, tá dhá pháirc phoiblí a bhfuil an-tóir orthu sa cheantar seo. Tá úsáid agus taitneamh na bpáirceanna seo ar fáil do gach cónaitheoir baile ach tá insiúlacht chuig na háiseanna réimse poiblí seo teoranta den chuid is mó dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu ó dheas de Ghleann Cartha agus ar an gcaoi sin is féidir leo siúl laistigh de gha 800m. Fágann sé sin, áfach, go bhfuil líon suntasach cónaitheoirí sa cheantar níos leithne seo gan rochtain ar chaitheamh aimsire poiblí agus ar spás taitneamhachta. Tá sé mar aidhm ag an Scéim bheartaithe seo uimhir 3 feadh an chuid an Thoir de Bhóthar Windyhall atá ann cheana féin trácht feithicle a bhaint ar feadh achar ó acomhal an Tuaiscirt den Lána Fada ag bogadh soir go dtí Bóthar Bharr an tSléibhe chun conair do choisithe áineasa a chruthú atá curtha in áirithe go heisiach do thurais neamh-mhótair (ach amháin an líon beag maoine cónaithe a choinneoidh leibhéal tréscaoilteachta scagtha le rochtain feithicle ó threo amháin).


Cruthóidh seo Glasbhealach Uirbeach d’fhad 3km laistigh de chuid den bhaile ina bhfuil daonra an-mhór feadh mianlíne reatha, agus feabhsóidh sé, nuair a fhorbrófar é, an timpeallacht agus freastalóidh sé ar cheantar mór cónaithe a sholáthróidh timpeallacht shábháilte agus mhealltach Siúil agus, go deimhin, Rothaíochta.

Sainaithnítear Bóthar Windyhall mar bhealach forchoimeádta sa Phlean Ceantair Áitiúil (féach an léarscáil chriosaithe úsáid talún) do Leitir Ceanainn, mar scéim an Ghréasáin Thuaidh (an NNS). Sainaithníodh an gá atá leis an scéim seo i bpleananna forbartha roimhe seo don bhaile agus é ina chuspóir brú tráchta a fhuascailt, saincheisteanna maidir leis an ghréasán reatha a réiteach agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sábháilteachta laistigh de Bhóthar Windyhall reatha. Feidhmíonn Bóthar Windyhall faoi láthair mar mhianlíne do thrácht feithiclí, go háirithe ag buaic-amanna an lae chun teacht ar an líon mór cinn scríbe lastoir de Bhóthar Windyhall. Is iad na príomhchinn scríbe na fostóirí móra, cosúil le hOspidéal Ollscoile Leitir Ceanainn (LUH), ina bhfuil thart ar 2,500 fostaí agus thart ar 3,600 gnólacht agus cuideachta, ar an iomlán, ar bhóthar na Páirce Gnó agus ina phurláin. Anuas ar roinnt iar-bhunscoileanna, a bhfuil gach ceann lonnaithe laistigh de 3km ó limistéir mhórdhaonra Ghleann Chartha, Choillidh Loiste agus Chill Chloig.

Féach an léarscáil thíos ina sainaithnítear an acmhainn a d’fhéadfadh bheith ag an Ghlasbhealach Uirbeach seo (tar éis go gcríochnófar an NNP) do na bunphointí cónaithe63. 4,000 cónaitheoir i gceantar Choillidh Loiste, Chill Chloig agus Ghleann Chartha, agus na cinn scríbe ar Bhóthar Chill Mhic Réanáin agus ar Bhóthar na Páirce Gnó agus sna purláin.

Tionchar dearfach ar shocheacnamaíocht an bhaile agus an cheantair áitiúil, an bonneagar a sholáthar a theastaíonn le tacú le tailte a fhorbairt a ainmníodh lena bhforbairt le borradh dlúth a éascú.
D’ainmneofaí an NNP mar chonair ilmhódach do choisithe, rothaithe agus d’iompar poiblí. Tá acmhainn mhór ag Scéim an Ghlasbhealaigh Uirbigh seo, (mar a shainaithnítear faoi scéim uimh. 3 ar an léarscáil), le rogha inmharthana nua agus aistriú córa iompair a bhaint amach anuas ar ríocht phoiblí agus sócmhainn choláiste a chruthú sa limistéar seo ina bhfuil ganntanas soláthair ann faoi láthair.

WindyHall- NNP- Urban Greenway





ArcGIS Web AppBuilder
Map data © OpenStreetMap contributors, CC-BY-SA |


Tá **Scéim uimh. 4 feadh an Chuarbhóthair** i Léarscáil xx thuas, imeall theas cheantar Ghleann Chartha faoi láthair, a sholáthraíonn príomhbhealach bóthair laistigh de cheantar foriomlán Ghleann Chartha. Soláthraíonn an bóthar seo ceangal tábhachtach feithiclí leis an Iarthuaisceart ó imeall lár an bhaile ag an Bhóthar Ard agus déanann sé nasc le Bóthar an Dr McGinley; agus le Bóthar na Gráinsí/Ghleann Chartha laistiar den áit seo agus soir go dtí Cnoc De Valera.

Tá 8 rochtain lána casta ar dheis agus ar chlé ar an Chuarbhóthar faoi láthair do bhealaí isteach Lastuaidh agus Laisteas den Bhóthar a fhreastalaíonn ar mheascán d'eastáit chónaithe, nó d'áitribh thráchtála ag ionad comharsanachta Ghleann Chartha. Beartaíonn an scéim na lánaí casta a bhaint agus an carrbhealach a chaolú anuas ar na ciumhaiseanna féir cois bóthair a úsáid le soláthar siúil a chruthú ar an chosán reatha agus lána rothar dhá bhealach a sholáthar ar an charrbhealach a dhéanfar a athleithdháileadh. Leanfaidh an bóthar seo d'fheidhmiú mar nasc tábhachtach príomhbhealaigh don mhótarthrácht go dtí agus ón cheantar seo, ach beidh cuma an-éagsúil ar an bhóthar féin, tar éis go ndéanfar na bearta a bheartaítear mar chuid den scéim a chur isteach, ar bhealach atá i bhfad níos spreagúla ó thaobh cúrsaí amhairc de mar thimpeallacht shábháilte agus chomhtháiteach do choisithe. Teastaíonn an idirghabháil fhisiciúil ar an timpeallacht bhóthair sa láthair seo ar an Chuarbhóthar de bharr na feidhme tábhachtaí atá ag an bhóthar seo laistigh den bhaile agus an éilimh mhóir atá ann de dheasca na bpatrún taistil laethúil sa cheantar máguaird. Anuas ar an ról agus an fheidhm thábhachtach atá ag an Chuarbhóthar faoi láthair agus a leanfaidh de bheith aige, cuirfear deis ar fáil aistriú córa iompair a bhaint amach agus aird ar leith ar bhunphointí agus ar chinn scríbe mhóra sa limistéar ar leith seo den bhaile a sainaithníodh.

Cuireadh feabhas le déanaí ar cheangal tréscaoilteachta reatha a cheanglaíonn forbairt tithíochta Whitethorn agus eastáit tithíochta ina foisceacht, trí bhealach siúil agus rothaíochta a leanann mianlíne go dtí Páirc Bhaile Bernard McGlinchey (tagairt na scéime: S5) atá ina aice. Cuireann an nasc seo leis an mianlíne rochtain shábháilte agus áisiúil ar fáil do choisithe agus seachnaíonn sé bealach fada timpeallach ó Ghort Lao go dtí an Pháirc Bhaile agus ar aghaidh uaidh sin go dtí an Cuarbhóthar agus Gleann Chartha.


Féach léarscáileanna ATOS 'roimh agus i ndiaidh' thíos ar a léirítear tionchar an fheabhsaithe seo.


Existing- Lack of Permeability from adjoining Residential to Town park
30/03/2023, 15:41:17
Revised ATOS Models - Donegal_Parks
Donegal parks - First ATOS Run
Parks Walk Model - ATOS First Run
A
B
C
D
NULL
1:9,028
0 0.04 0.09 0.17 mi
0 0.05 0.1 0.2 km
Map data © OpenStreetMap contributors, CC-BY-SA
ArcGIS Web AppBuilder
Map data © OpenStreetMap contributors, CC-BY-SA


Proposed Permeability from adjoining Residential to Town park
30/03/2023, 15:53:31
Revised ATOS Models - Donegal_Parks
Revised ATOS Models - Parks Revised Model
A
B
C
D
NULL
Donegal parks - First ATOS Run
1:9,028
0 0.04 0.09 0.17 mi
0 0.05 0.1 0.2 km
Map data © OpenStreetMap contributors, CC-BY-SA
ArcGIS Web AppBuilder
Map data © OpenStreetMap contributors, CC-BY-SA

**Gréasán Siúil: An tOirthear**


Tá oirthear an bhaile nasctha le lár an bhaile trí phríomhbhealaí Bhóithre Ráth Mealtain agus Ghort Lao agus cúpla bóthar eile tábhachtach idirnasctha san áireamh. Gabhann Bóthar Náisiúnta den Dara Grád an N56 trí oirthear an bhaile agus treoraíonn sé an trácht ón tairseach theas go dtí an baile, soir agus ó thuaidh d'aistir sa chontae.




Mar thoradh ar dheiseanna móra breise fostaíochta le deich mbliana anuas, den chuid is mó, in earnáil na teicneolaíochta leighis agus i dtógáil Bhóthar na Páirce Gnó in 2015, tá ardleibhéal d'aistir chomaitéireachta go dtí agus ón limistéar seo den bhaile (2,860 aistear comaitéireachta go dtí an baile go laethúil, agus 7,500 aistear comaitéireachta i dtreo an bhaile, an POS 2016). Déantar na haistir seo i ngluaisteáin phríobháideacha, den chuid is mó, agus bíonn na patrúin tráchta a úsáideann na bóithre seo i rith na mbuaic-amanna ar maidin agus um thráthnóna, go mó mór, agus tá thart ar 1,500 fostaí sa cheantar ar leith seo. Féach Fíor xx thíos chun teacht ar mhiondealú ar chora iompair.

Faoi mar a thugtar faoi deara i bhFíor xx thuas, déantar 81% de na haistir chuig an cheann scríbe seo ar mhaithe le hobair i ngluaisteán príobháideach. Is féidir a áireamh leis seo chomh maith carr-roinnt, ach b'fhéidir gurb éard is cúis leis an leibhéal íseal de shoghluaisteacht inbhuanaithe i measc comaitéirí chuig an cheantar den bhaile ina bhfuil an leibhéal is airde fostaíochta (lasmuigh de lár an bhaile) ná an easpa bonneagair lena chumasú príomhphointí tosaigh a cheangal leis an cheann scríbe mór seo ar bhealach inbhuanaithe. Déantar soláthar faoi láthair do rothair trí mheascán de lánaí rothar agus de sholáthar roinnte do shiúl agus do rothaíocht ar chosáin.

Freastalaíonn an limistéar seo chomh maith ar roinnt scoileanna, Gaelscoil Choláiste Ailigh ar Bhóthar na Seanfheirme, Scoil Ag Foghlaim le Chéile ar Bhóthar Chill Tuaidh agus Scoil Náisiúnta Baile Raithin ar Bhóthar Ráth Mealtain ina measc. Faoi mar a fheictear thíos, déantar 79% de na haistir sa cheantar seo i ngluaisteán príobháideach agus déantar 19% agus 0% díobh, faoi seach, trí shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí.





B'fhéidir gurb é is cúis leis an ráta níos airde de shiúl sa cheantar seo go bhfuil Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT) suite laistigh d'fhad siúil ó áiteanna a bhfuil tóir orthu i measc mic léinn le cónaí iontu i rith na bliana acadúla laistigh de cheantar Bhóthar Ráth Mealtain. Tuar dóchais é seo as seo amach nuair a chuirtear san áireamh gur luaigh 58% d'fhreagróirí réamhshuirbhé gur dhóchúil go roghnóidís siúl (nó rothaíocht) i ndiaidh gur gealladh bonneagar siúil agus rothaíochta a sholáthar sa bhaile.


Tugtar léargas ginearálta san achoimre thíos ar an bhonneagar agus na saoráidí a bheartaítear a sholáthar le haistriú córa iompair a bhaint amach in oirthear an bhaile mar thoradh ar na scéimeanna siúil a bheartaítear a chur i bhfeidhm anuas ar an bhféidearthacht amach anseo a shainaithnítear a bheartaítear sa limistéar seo freisin.

Scéim 6: Tá an scéim seo lonnaithe go príomha i gceantar cónaithe agus tá mar chuspóir aici timpeallacht níos comhtháití agus níos sábháilte a chruthú le glacadh níos mó le siúil a spreagadh i gceantair Bhóthar na Seanfheirme, Ghort Lao agus Bhaile Raithin. Ceantar den bhaile é seo ina gcuireann daoine fúthu, ar a bhfuil an-tóir agus atá bunaithe le fada an lá ina bhfuil ardchéatadán tithíochta cónaithe, seirbhísí do chomharsanachtaí beaga agus meascán de thionscail ghlana mhaithe chomharsanachta. Mar a thugtar le tuiscint i bhFíor 1 thuas, tá ráta réasúnta de shiúl ar bun ag daoine faoi láthair de bharr thopagrafaíocht cheantar Bhóthar Ghort Lao go Bóthar Ráth Mealtain, go páirteach. Tá meánscoil Ghaelscoil Ailigh suite laistigh d'fhad compordach siúil ó roinnt bunphointí cónaithe i nGort Lao agus ar Bhóthar na Seanfheirme, ach aithnítear go bhfuil gá, mar sin féin, le bearta nua le tús áite a thabhairt athuair do choisithe seachas don ghluaisteán príobháideach. Cheanglófaí na bearta siúd gan stró le soláthar siúil (agus rothaíochta) ar Bhóthar na Páirce Gnó ó Thuaidh agus áiteanna eile go dtí Lár an Bhaile agus ar na bóithre príomhbhealaigh uirbeacha a ghabhann go dtí agus laistigh de lár an Bhaile.

## Network Improvements in East of the Town



**An Gréasán Siúil: Lár an Bhaile:** Is é **Lár an Bhaile** ceartlár tráchtála agus gnó an bhaile agus tá sé á bhunú freisin mar ionad réigiúnach ainmnithe. D'ainneoin an iomaí feidhm agus tréith thábhachtach eile a atá ag lár an bhaile, tá croí uirbeach Leitir Ceanainn ag tearcfheidhmiú go pointe áirithe i dtaobh a spáis phoiblí, inrochtaineachta ar chos agus ar rothar; agus sábháilteacht phoiblí ina leith seo, agus níl dóthain beart ann chun tacú go cuí le córas iompair phoiblí inmharthana uirbeach. Tharla seo mar thoradh ar mheascán de thosca, go háirithe an borradh mear a tháinig idir tráth déanach sna 1990idí agus 2007 agus beartú tosaíochta do bhonneagar bunaithe ar iompar feithiclí mar an réiteach ar ghluaiseacht tráchta agus ar bhrú tráchta. Tugadh córas bainistíochta tráchta aontreo isteach go luath in 2000 agus rinneadh gné fhoirmiúil de lár baile atá dírithe ar an ghluaisteán lena linn, anuas ar charrchlóis i lár an bhaile a fhorbairt, a chuir le brath gluaisteánbhunaithe lár bhaile Leitir Ceanainn.




Tá Soghluaisteacht Inbhuanaithe ar íseal-leibhéal laistigh de lár an bhaile, go háirithe nuair atáthar ag gluaiseacht ón limistéar nua tráchtála miondíola sa bhaile laisteas de Bhóthar an Phiarsaigh go dtí limistéar phríomhshráid níos bunaithe an bhaile lastuaidh de Bhóthar an Phiarsaigh. D'eascair dícheangal soiléir idir na limistéir seo as seo. Cé go bhfuil an timpeallacht fhisiciúil gar go leor (thart ar shiúlóid ceithre nóiméad idir an Phríomhshráid agus Bóthar an Phiarsaigh), níl sí ceangailte le chéile, tá sí faoi neamhréir agus, ar an ábhar sin, níl aon spreagadh ann faoi láthair an t-aistear a dhéanamh idir an dá limistéar trí mhodhanna inbhuanaithe, agus cuireann seo leis an mbrath ar an ghluaisteán príobháideach dá thoradh. Tá roinnt príomhbhealaí ann faoi láthair a cheanglaíonn an Phríomhshráid le Bóthar an Phiarsaigh go fisiciúil, is é sin Lána Larkin, Bóthar Oilibhéir Pluincéad, Lána Chnocán na Rós agus Bóthar an Ghiúistís Breathnach. Tá na naisc seo ag tearcfheidhmiú maidir le sábháilteacht, ríocht phoiblí, inrochtaineacht, carachtar (i dtaobh éadanas gníomhach sráide) agus níl na bealaí seo mealltach, dá bharr, do shiúl (nó do rothaíocht) agus, ar an ábhar sin, ní bhaintear úsáid iomlán astu. Cuireann an córas tráchta aontreo i lár an bhaile agus ar Bhóthar an Phiarsaigh, ar a bhfuil trácht trom agus ina dtugtar tús áite don ghluaisteán, leis seo agus níl na pointí trasnaithe 'naisc Lár an Bhaile' do choisithe sna láithreacha is inmhianaithe.

**Idirghabháil agus feabhsúcháin a bheartaítear ar Ghréasáin Lár an Bhaile:**

Leagtar amach thíos sa léarscáil na tograí a chuimsítear laistigh de 'Plean Gníomhaíochta Nasc agus Spáis Phoiblí' de chuid Straitéis Athghiniúna LC 2024. Beartaítear sna bearta laistigh de lár an bhaile a léirítear thíos feabhsúcháin ar bhóithre agus ar ghréasáin reatha le gréasán níos fearr agus feabhsaithe de chosáin lár an bhaile a sholáthar a spreagann stíleanna maireachtála gníomhacha, Páirceanna nasctha, agus spásanna eile a oireann do shiúl, agus do gach foirm de thaisteal gníomhach. Meascán d'fheabhsú ar bhóithre agus ar thimpeallachtaí don siúl agus do thaisteal gníomhach atá sna bealaí, agus bealaí siúil agus rothaíochta atá saor ó fheithiclí a cheanglaíonn Bóthar na Príomhshráide agus an Phiarsaigh.

Tá na scéimeanna agus an idirghabháil a bheartaítear i Lár an Bhaile a liostaítear tábhachtach ach casta, mar sin féin, sa mhéid go lorgaíonn siad le hoibriú laistigh de theorainneacha an ghréasáin fhisiciúil/na ngréasán fisiciúil le timpeallacht mhealltach atá éasca le húsáid a chruthú don siúl agus don rothaíocht feadh phríomhbhealaí lár an bhaile: Bóthar an Phort, Bóthar an Phiarsaigh agus Bóthar Neil T. Blaney, agus Bóthar na Canálach san áireamh. Timpeallacht atá sna bóithre seo faoi láthair ina dtaistealaítear go príomha i mótarfheithiclí agus tá córas páirteach aontreo inti a fheidhmíonn go maith maidir le gluaiseacht tráchta feithiclí, ach tá comhéadan doicheallach agus nach dtacaíonn le coisithe nó le rothaithe ann mar gheall air seo agus tagann saincheisteanna chun cinn dá bharr a bhaineann le sábháilteacht, compord, comhtháthú, mealltacht agus an bealach is dírí. Rachaidh comhthorthaí na scéimeanna seo i ngleic leis na saincheisteanna seo ar bhealach le timpeallacht shábháilte atá níos éasca le húsáid do choisithe agus rothaithe agus imreoidh sin tionchar ar an aistriú córa iompair i dtreo soghluaisteacht inbhuanaithe. Leagtar amach i bhfad níos mionsonraithe sa Phlean Gníomhaíochta Nasc agus Spáis Phoiblí anuas ar cháipéis Choincheapa Dearaidh Leitir Ceanainn 2040 na huaillmhianta amach anseo do na bealaí seo lár an bhaile – a forbraíodh mar chuid den Straitéis Athghiniúna ach i bhfad níos mó sonraí iontu.


Beartaítear an gréasán reatha baile mar 'Búlbhaird Lár an Bhaile' atá nua agus feabhsaithe agus díreoidh sé ar an úsáid is fearr a bhaint as carrbhealaí reatha, athlonnú spás an bhóthair san áireamh do mhodhanna siúil agus rothaíochta agus inbhuanaithe, agus a sholáthróidh cosáin níos leithne agus lánaí rothar nua dá bharr le gréasán cuimsitheach a chruthú feadh na bpríomh-mhórbhealaí seo i lár an bhaile. Tá lánaí molta rothaíochta ann faoi láthair feadh na mbealaí seo trí mharcanna bána feadh na mbóithre (agus cuirtear soláthar roinnte ar roinnt de na cosáin i lár an bhaile) a cuireadh isteach in 2012 gan mórán mhionathruithe a dhéanamh ar na carrbhealaí nó ar na cosáin.

Soláthraítear trasrianta coisithe faoi láthair, ach níl na trasrianta suite, áfach, ag láithreacha mianlíne agus gníomhaíonn siad mar bhacainní, agus bíonn tréimhsí feithimh fada i gceist leo, agus gníomhaíonn siad mar dhídhreasacht dá bharr chun siúl sa limistéar miondíola/tráchtála seo de lár an bhaile.

Teastaíonn ceangail ríthábhachtacha a dhéanamh ar mhaithe le cúrsaí caitheamh aimsire ó Bhóthar na Canálach agus ó pháirc mhiondíola Fort Lynne, atá taobh leis, go dtí spás ríochta poiblí 'Ceangal Glasa Leitir Ceanainn' agus Nascbhóthar Joe Bonnar. Tréscaoilteacht ríthábhachtach a chruthú ar fud limistéar seo chroílár an bhaile.


Déanfar idirghabháil i leith bonneagair agus tosaíocht a athleithdháileadh ón tiománaí go dtí an coisí faoi na scéimeanna. Athleithdháilfear spás bóthair le lánaí tiomnaithe siúil agus rothar níos leithne a chruthú a théann i ngleic leis an gcás reatha atá ann maidir le lánaí casta ar dheis agus ar chlé agus bealaí isteach ísle feadh an chosáin reatha chun freastal ar áitribh ghnó agus déanfar crainn agus cainéil draenála níos sábháilte a athleithdháileadh.

## Town Centre Linkages and Interventions



## AGUISÍN C – IOMPAR POIBLÍ

# LÉARSCÁIL 20.1




## AGUISÍN D – SCÉIMEANNA TAISTEAL GHNÍOMHAIGH AGUS NAISC LÁR AN BHAILE

| **Tábla: Uimh. na Scéime ar an léarscáil** | **Láthair** |
|---|---|
| **S.1*** | An Bóthar Ard – feabhsúcháin ar an ghréasán. |
| **S.2*** | Bóthar Ghleann Chartha – feabhsúcháin ar an ghréasán. |
| **S.3*** | Bóthar Windyhall – feabhsúcháin ar an ghréasán. |
| **S.4*** | An Cuarbhóthar – feabhsúcháin ar an ghréasán. |
| **S.5*** | Bóthar Chill Mhic Réanáin/De Valera/Ghort Lao – feabhsúcháin ar an ghréasán. |
| **S.6*** | Bóthar Bhaile Raithin/Bóthar Ghort Lao/Bóthar na Seanfheirme – feabhsúcháin ar an ghréasán. |
| **S.7*** | Baile Mhic Comhghaill agus an Seanbhaile |
| **S.8*** | Bóthar an Chlochair (ón Chuarbhóthar go dtí an t-acomhal le hArdán Bhaile Mhic Comhghaill. |
| **S.9*** | Bóthar an Phoirt – feabhsú ar agus breisiú le Búlbhaird lár an bhaile. |
| **S.10*** | Bóthar an Phiarsaigh – feabhsú ar agus breisiú le Búlbhaird lár an bhaile. |
| **S.11*** | Bóthar Neil T. Blaney – feabhsú ar agus breisiú le Búlbhaird lár an bhaile. |
| **S.12*** | An Lána Fada go Bóthar Chill Mhic Réanáin trí Choláiste an Aragail – naisc thréscaoilteachta. |
| **S.13*** | An Lána Fada – Windyhall/Coláiste an Aragail – naisc thréscaoilteachta. |
| **S.14*** | An Lána Fada go dtí Faiche an Aonaigh, 'Feirm Paddy Kelly' agus ar aghaidh go Gleann Chartha – naisc thréscaoilteachta. |
| **S.15*** | Timpeallán Chnoc na Móna go Timpeallán an Ospidéil – feabhsúcháin ar an ghréasán. |
| **S.16*** | Nasc ó iarshuíomh Oatfield go dtí an Bóthar Ard – naisc thréscaoilteachta. |

| | |
|---|---|
| **S.17*** | Nasc ó Bhóthar Ráth Mealtain trí LYIT go Bóthar an Phoirt – naisc thréscaoilteachta. |
| **S.18*** | Nasc trí thalamh oscailte ó ionad siopadóireachta Tesco an bealach go léir go Bóthar De Valera – naisc thréscaoilteachta. |
| **S.19**<br><br>**(arna bhaint ó uirlis AG).** | Gaelscoil Adhamháin, Gleann Chartha – naisc thréscaoilteachta. |
| **S.20*** | Nasc ó Pháirc Glenwood agus amach ar Bhóthar na Líne Nua – naisc thréscaoilteachta. |
| **S.21*** | Lios Naíonán siar ó dheas agus nasc á dhéanamh trí thailte Fostaíochta go dtí Bóthar na Páirce Gnó. |
| | |
| **S.22** | Tréscaoilteacht a nascann Forbairt Tithíochta Bheinn Aoibhinn isteach go dtí an ÚFT (an IDA) san oirthear. |
| **S.23** | 2 thrasrian comharthaí do choisithe ar éileamh ar Bhóthar na Páirce Gnó. |
| **Idirghabháil, Naisc agus Tograí Lár an Bhaile:**<br><br>**Léirítear na scéimeanna go léir a liostaítear ó 24 go 31 ar an Léarscáil thíos.** | |
| **S.24** | Ceangal Glas Leitir Ceanainn, (Céim 1 críochnaithe in Aibreán 2023). |
| **S.25** | Mol Iompair Ilmhódach agus pasáiste iompair phoiblí. |
| **S.26** | Naisc agus scéimeanna tréscaoilteachta ar fud lár an bhaile (cuimsítear 1-22 laistigh de Phlean Gníomhaíochta Spáis Phoiblí). |
| **S.27** | Glasbhealach Straitéiseach Ailt an Chorráin-Leitir Ceanainn. |
| **S.28** | Bonneagar ilmhódach feadh scéim an ghréasáin Theas. Ag Céim 2 de PMG BIÉ faoi láthair. Trasrian ag droichead coisithe san áireamh ó chomharsanacht an tSeanbhaile go Lár an Bhaile. |
| **S.29** | Bonneagar Ilmhódach ar charrbhealach 4 lána, 'Mo(i)l m(h)ódach(a) 'Páirc agus Roinn' san áireamh. |

| | |
|---|---|
| **S.30** | Siúlán Abhainn na Súilí. |
| **S.31** | Páirc Bhogaigh Uirbeach. |

Town Centre Linkages and Interventions



## AGUISÍN E: BEARTA IDIRGHABHÁLA

### 20.3 Bearta Idirghabhála a bheartaítear le Gréasán Iompair Phoiblí Feabhsaithe i Lár an Bhaile a Chur i bhFeidhm:

Déanfar cur síos sa mhír seo ar na bearta a breithníodh agus Seirbhís Bus Baile níos fearr á forbairt (a liostaítear thíos), agus a chreideann an Chomhairle seo a d'fhéadfadh bheith ag teastáil i gcaitheamh thréimhse an Phlean Ceantair Áitiúil lena chumasú Gréasán Bus Iompair Phoiblí éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt laistigh de lár an bhaile. Tabharfaidh an t-údarás áitiúil seo faoi na bearta seo a fhorbairt le haimsiú agus glacadh leis an modh iompair phoiblí sa bhaile a mhéadú. Tá bearta sa straitéis iompair phoiblí seo ar a ndírítear ag an tráth seo, modh sonrach amháin iompair phoiblí (Bus), agus bearta gaolmhara le comhtháthú iompair phoiblí a chur chun cinn agus a fheabhsú le modhanna eile, cosúil le siúl agus rothaíocht Taistil Ghníomhaigh, agus ceangal gan stró a dhéanamh leis an mol iompair ilmhódach amach anseo ina measc.

Oibreoidh an Chomhairle le gach páirtí leasmhar ábhartha agus údarás freagrach le forbairt bhreise a dhéanamh ar na bearta seo. Féach Léarscáil XX. Tabhair faoi deara go bhfuil forluí ann idir na bearta laistigh de lár an bhaile agus go gcuireann siad leis na tograí faoi mar a leagtar amach iad laistigh de Straitéis Athghiniúna 2040 Leitir Ceanainn, agus den Phlean Gníomhaíochta Nasc agus Spáis Phoiblí.

1. An spás do choisithe agus an tús áite a thugtar do choisithe a mhéadú sa ríocht phoiblí feadh Phríomhshráid Lár an Bhaile trí charrpháirceáil ar an sráid a athleithdháileadh. Teorannú sealadach páirteach do choisithe a chruthú ar an Phríomhshráid trí mhullaird inghiorraithe a chur isteach ag roinnt láithreacha straitéiseacha mar a léirítear ar léarscáil xx, lena dtacaíonn Straitéis Athghiniúna 2040 Leitir Ceanainn. Tús áite a thabhairt do rochtain ag iompar poiblí ar an Phríomhshráid, agus an dinimic a athrú trí rochtain dhíreach ar 'páirceáil ar an sráid' agus ar charrchlóis eile i lár an bhaile a bhfuil teacht gan stró orthu a laghdú, agus an tús áite agus an díriú a aistriú chuig béim 'ilmhódach', cosúil le siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.

   Cuireann aistriú ar bhéim ó rochtain feithiclí ar an Phríomhshráid an deis ar fáil freisin breithniú a dhéanamh ar acomhal dhá bhealach d'iompar poiblí idir pointí áirithe feadh na Príomhshráide. Ceadóidh seo do choisithe a mbealach a dhéanamh thart níos fearr, go háirithe i measc bhaill leochaileacha na sochaí trí phointí fágála agus bailithe bus a chruthú trasna óna chéile ar an sráid chéanna.

2. Is deacra an t-aistriú ón ghluaisteán príobháideach go modhanna inbhuanaithe a bhaint amach mar gheall nach bhfuil fáil ar spásanna carrpháirceála saora agus iomadúla, idir spásanna poiblí agus príobháideacha, laistigh de lár an bhaile. D'aithin an Chomhairle an gá, ar an ábhar sin, tabhairt faoi Staidéar Cuimsitheach Carrpháirceála chun straitéis carrpháirceála éifeachtach a bhainistiú, praghsáil san áireamh. Cuspóir é seo de chuid na comhairle seo.

3. Sainaithníodh roinnt mhaith suíomhanna chun 'Moil Mhódacha 'Páirceáil agus Roinn/Taisteal' (féach Léarscáil XX) sa chontae agus beartaítear ceann a lonnú ar imeall theas-thoir bhaile Leitir Ceanainn. Cuirfidh an láthair seo rogha ar fáil d'úsáideoirí i dtaobh Páirceáil agus Roinn le húsáideoirí eile feithiclí anuas ar roghanna ilmhódacha do pháirceáil agus siúl, rothaíocht nó úsáid a bhaint as iompar poiblí. Sainaithnítear láthair shuíomh Bhun an Ghaoith ar Léarscáil XX thíos.

   Léirítear i sainaithint 'Sráidbhailte Satailíte' ar Léarscáil xx na sráidbhailte Cill Mhic Réanáin, Ráth Mealtain, Mainéar Uí Chuinneagáin, agus an Baile Nua agus mar láithreacha féideartha inar féidir infheistíocht bhreise a dhéanamh i mbonneagar mar 'Moil Satailíte'. Cuirfidh láthair na mol seo níos mó le haidhm 'moil mhódacha Páirceáil agus Roinn' ar na bóithre náisiúnta.

Leanfaidh an Chomhairle ag dul i gcomhairle leis an ÚNI agus BIÉ i dtaobh ainmniú na mol seo agus a chinntiú go bhfreastalaíonn an soláthar rialta agus éifeachtúil seirbhísí iompair phoiblí a chuireann 'Éire a Cheangal' (Connecting Ireland) agus 'Nasc Áitiúil' (Local Link) ar fáil ó na moil 'Páirceáil agus Taisteal' a dhéanann ceangal le Leitir Ceanainn.

4. Tabharfaidh an chomhairle tús áite do bhóithre reatha a shainaithint atá oiriúnach do lánaí Tosaíochta Bus mar chuid de ghréasán foriomlán baile agus sainaithneofar iad i gcaitheamh thréimhse an Phlean. Léirítear ar an léarscáil cá mbeadh lánaí tosaíochta bus amach anseo suite agus iad ag freastal ar an mol agus feadh lána tosaíochta ar an charrbhealach 4 lána (faoi réir idirghabháil mhionsonraithe dearaidh amach anseo). Sainaithnítear i bPlean Gníomhaíochta Nasc agus Spáis Phoiblí Leitir Ceanainn Conair Iompair Phoiblí Fhéideartha agus léirítear é seo ar Léarscáil xx. Leanfaidh an Chomhairle ag dul i gcomhairle le agus le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an ÚNI agus BIÉ maidir le forbairt bhreise a dhéanamh ar na moil Satailíte Páirceáil agus Roinn/Taisteal (de réir phointe 3 thuas) anuas ar nascacht éifeachtúil bhus leis na príomhchinn scríbe laistigh de Leitir Ceanainn. Sainaithnítear ar Léarscáil xx atá laistigh den Dréachtphlean Forbartha Contae 2024-2030 na láithreacha féideartha sráidbhailte tuaithe do na moil iompair phoiblí sráidbhaile Satailíte seo.

5. Sainaithnítear i 'Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040' de chuid na Comhairle réimse tionscadail choisithe, rothair agus ríochta poiblí agus bronntar sa Phlean Gníomhaíochta Nasc agus Spáis Phoiblí, a ghabhann léi, éifeacht orthu seo agus é ina chuspóir gréasán naisc ar chos agus ar rothar a chur i láthair a chuirfidh feabhas ar thimpeallachtaí reatha do bhonneagar taistil ghníomhaigh. Liostaítear iad seo mar Naisc Lár an Bhaile sa cháipéis seo agus neartóidh agus feabhsóidh siad nascacht agus tréscaoilteacht i lár an bhaile, a spreagann soghluaisteacht taistil ghníomhaigh go dtí agus ón mol Iompair ilmhódach.

6. Tá súil leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar an nglacadh le agus ar an úsáid a bhaintear as feithiclí leictreacha agus teicneolaíochtaí eile soghluaisteachta ísealcharbóin, cosúil le gluaisteáin, rothair agus scútair leictreacha i rith tréimhse an Phlean Ceantair Áitiúil seo. Lorgóidh an Chomhairle tacú leis an mhéadú seo trí bhonneagar páirceála agus luchtaithe a sholáthar i lár an bhaile agus i láithreacha inrochtana poiblí, áit a bhfuil sé indéanta amhlaidh a dhéanamh. Déanfaidh CCBÁC iarracht oibriú as lámh BIÉ agus an ÚNI i dtaobh tacú le soláthar do thaisteal cianfhaid trí fheithiclí leictreacha, agus soláthar a dhéanamh freisin d'iompar poiblí hibrideach.

7. Cuspóir na Comhairle é a lorg na seirbhísí iarnróid laistigh den chontae a chur ar fáil arís agus chun oibriú leis na páirtithe leasmhara réigiúnacha agus náisiúnta go léir lena chinntiú go ndéantar seo a fhiosrú go hiomlán.

## AGUISÍN F – NAISC LE LÁR AN BHAILE


Caibidil 21: Straitéis Iompair Lár an Bhaile, Mír 21.2

| NAISC LE LÁR AN BHAILE | | | |
|---|---|---|---|
| **LÍON** | **AINM** | **CUR SÍOS** | **TOSAÍOCHT STRAITÉISEAC** |
| **1** | Ceangal Glas LC | Bealach siúil agus rothaíochta sábháilte a cheanglaíonn Bóthar an Phiarsaigh, na páirceanna miondíola, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus an tIonad Seirbhísí Poiblí. | **x** |
| **2** | Limistéar Miondíc Bhóthar an Phoirt | Ceangal ó Bhóthar an Phoirt go Ceangal Glas LC ar aghaidh go dtí an Limistéar Miondíola agus an t-acomhal le Bóthar Neil T. Blaney agus Bóthar Paddy Harte. | |
| **3** | Bóthar an Phoirt | An bonneagar reatha feadh Bóthar an Phoirt a fheabhsú. Spás carrbhealaigh a athleithdháileadh le lánaí siúil agus rothar níos leithne agus feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí a chruthú. | **x** |
| **4** | Bóthar Joe Bonnar | Ceangal a dhéanann nasc idir Bóthar an Phoirt ag Bóthar Neil T. Blaney. | |
| **5** | Bóthar Neil T, Blan | An timpeallacht reatha a fheabhsú do bhonneagar siúil agus rothaíochta, agus Bóthar an Phoirt agus an Phiarsaigh araon á gceangal agus ciorcad leanúnach á chruthú. | **x** |
| **6** | Bóthar an Phiarsaig | An bonneagar reatha feadh Bóthar an Phoirt a fheabhsú. Spás carrbhealaigh a athleithdháileadh le lánaí siúil agus rothar níos leithne agus feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí a chruthú. | **x** |
| **7** | An Phríomhshrá Íochtarach – Bóthar Phiarsaigh– Ceang d'Árasáin | An ceangal reatha a fheabhsú a nascann Phríomhshráid Íochtarach le Bóthar an Phiarsaigh, chruthaíonn bealach sábháilte agus inrochtana. | |
| **8** | Lána Larkin | Feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí leis an cheangal idir an Phríomhshráid Íochtarach agus | **x** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Bóthar an Phiarsaigh a neartú. | |
| **9** | An Phríomhshrá Íochtarach-Bóthar an Phiarsaigh. | Bealach féideartha siúil agus rothaíochta saor ó fheithiclí a cheanglaíonn an Phríomhshráid Íochtarach agus Bóthar an Phiarsaigh. | |
| **10** | Bóthar Oilibhe Pluincéad | An timpeallacht reatha a fheabhsú do bhonneagar siúil agus rothaíochta, agus an Phríomhshráid Íochtarach agus Bóthar an Phiarsaigh á gceangal. | |
| **11** | Ceangal le hIona Siopadóireachta a Courtyard | An ceangal reatha a fheabhsú a nascann an Phríomhshráid le Bóthar an Phiarsaigh, a chruthaíonn bealach sábháilte agus inrochtana. | |
| **12** | Lána Chnocán Rós | Feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí leis an cheanga neartú idir an Phríomhshráid agus Bóthar Phiarsaigh. | **x** |
| **13** | Lána Kinnear | Feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí leis an cheanga neartú idir an Phríomhshráid agus Bóthar Phiarsaigh. | |
| **14** | Ceangal Glas LC Suíomh BSL. | Bealach siúil agus rothaíochta sábháilte cheanglaíonn Bóthar an Phiarsaigh le Bóthar an Pho trí iarthailte BSL. | **x** |
| **15** | Ceangal Glas LC Ceangal Cultúrtha. | Bealach siúil agus rothaíochta sábháilte cheanglaíonn Músaem Chontae Dhún na nGall ar Bhóthar Ard, trí bhailte cinn scríbe chultúrtha ag Ionad Cultúir réigiúnach agus ag Amharclann Ghrianáin. | **x** |
| **16** | Páirc Cheathrú hArdeaglaise | Bealaí sábháilte siúil agus rothaíochta a cheanglaíonn Lána an Teampaill, an Phríomhshráid, Lána Speers agus Ard O'Donnell. | |
| **17** | Glasbhealach Abhainn na Súilí | Bealach sábháilte siúil agus rothaíochta a cheanglaíonn feadh Abhainn na Súilí a ndéanann roinnt pointí rochtana de nasc isteach go Lár an Bhaile. | **x** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **18** | Ó Bhóthar Pad Harte go hAbhai na Súilí | An timpeallacht reatha a fheabhsú do bhonneag siúil agus rothaíochta, agus Bóthar an Phiarsaigh cheangal le Glasbhealach Abhainn na Súilí. | |
| **19** | An Ollscoil-Bóthar Phoirt-Bóthar Rá Mealtain. | Nasc ó Bhóthar Ráth Mealtain trí ATU go Bóthar an Phoirt. | **x** |
| **20** | Timpeallán Phoirt-Bóthar Rá Mealtain | Nasc ó Thimpeallán an Phoirt go Bóthar Ráth Mealtain<br>. | |
| **21** | Bóthar an Phoirt-Phríomhshráid-Timpeallán Stáisiúin<br>. | An timpeallacht reatha a fheabhsú do bhonneag siúil agus rothaíochta le trasrian a nascann Ceang Glas LC idir iarshuíomh BSL agus ceangal cultúrtha. (Nasctha chomh maith leis an tagairt do Thimpeallán an Stáisiúin a d'fhéadfaí a dhearadh i gcoincheap Dearaidh do thionscadal B2, Bóthar an Phoirt). | **x** |
| **22** | An Phríomhshráid. | An timpeallacht reatha a fheabhsú do bhonneagar siúil agus rothaíochta. | |

## AGUISÍN G – BEARTAS BEARTAITHE AN N56



# AGUISÍN H

# Satellite Villages as Park & Ride Hubs

